ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

FEIDHMÍOCHT AN IAA 2015

RANGAITHE SA DARA hÁIT SAN EORAIP MAIDIR LE MAOIRSEACHT AR SHÁBHÁILTEACHT NA hEITLÍOCHTA SIBHIALTA

AGAINNE ATÁ AN CHÉAD MHODÚL AR DOMHAN UM CHLÁRÚ LADRANN AR LÍNE

NÍ FHAIGHEANN AN IAA AON CHISTIÚ ÓN STÁT

RÁTÁIL SÁSTACHT CUSTAIMÉIRÍ 93%

TRASEITILTÍ
↑ 5.4%;
TRÁCHT INTÍRE
↑ 6.0%

DÍBHINN DO SCAIRSHEALBHÓIRÍ €7.43M, MÉADÚ 13.7%

TÁILLÍ CUSTAIMÉIRÍ I MEASC NA DTÁILLÍ IS ÍSLE SAN EORAIP
ÁR GCÓRAS BAINISTÍOCHTA AERTHRÁCHTA – AITHEANTA SAN EORAIP MAR CHEANNAIRE SA CHOMHAR TEICNIÚIL
BHÍ ÁR BHFEIDHMÍOCHT Ó THAOBH MOILLEANNA AGUS AN CHOMHSHAOIL DE OS CIONN SPRIOCANNA AN AE (AN CHEATHAIRÍL BAIRR)
TIOMANTA DO THIONSCAL EITLÍOCHTA NA HÉIREANN A CHUR CHUN CINN
RÉITIGH NUÁLACHA BAINISTÍOCHTA AERTHRÁCHTA A SHOLÁTHAR TRÍ ARDTEICNEOLAÍOCHT
LÁIMHDEACHAS
3.3%
GO €183.4m;
BRABÚS OIBRIÚCHÁIN
13.2%
GO €33.6m
IAA

CLÁR ÁBHAR

Buaicphointí airgeadais agus oibriúcháin 1

Stiúrthóirí agus faisnéis eile 2

Ráiteas an chathaoirligh 3

Athbhreithniú an phríomhfheidhmeannaigh 5

Tuarascáil na stiúrthóirí 20

Ráiteas faoi fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le tuarascáil na stiúrthóirí agus leis na ráitis airgeadais 28

Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách 29

Cuntas brabúis agus caillteanais 31

Ioncam cuimsitheach eile 32

Clár comhardaithe 33

Ráiteas ar athruithe i gcothromas 34

Ráiteas faoi shreabhadh airgid 35

Nótaí mar chuid de na ráitis airgeadais 36

Achoimre cúig bliana 2011–2015 57

BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN

Buaicphointí Airgeadais	2015 €'000	2014 €'000	% Athrú
Láimhdeachas	183,404	177,475	3.3%
Brabús oibriúcháin	33,632	29,711	13.2%
Brabús tar éis cánach	24,765	20,404	21.4%
Díbhinní a íocadh	6,535	4,833	35.2%

Gníomhaíocht Aerthráchta	2015 Líon	2014 Líon	% Athrú
Traseitiltí faoi Bhealach	317,739	301,326	5.4%
Trácht Críochfoirt Tráchtála	228,084	215,171	6.0%
North Atlantic Communications	442,645	420,423	5.3%

Fostaíocht			
Meánlíon Fostaithe	655	649	0.9%

Táillí Custaiméirí	2015 €	2014 €	% Athrú
Traseitilt faoi Bhealach	29.60	30.62	-3.3%
Trácht Críochfoirt Aerfoirt	156.92	156.92	-
North Atlantic Communications	45.00	45.00	-
Rialáil Sábháilteachta	Gan athrú in Ordú Táillí ó 2008		

STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

Stiúrthóirí
Anne Nolan Uasal
Cathaoirleach

An tUasal Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

Marie Bradley Uasal
An tUasal Ernie Donnelly
An tUasal Pascal Fitzgerald
An tUasal Basil Geoghegan
An tUasal Michael Norton
An tUasal Geoffrey O'Byrne-White
An tUasal Kevin O'Driscoll

An bhainisteoireacht shinsearach
Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

Anthony Eiffe
Iniúchadh Inmheánach

Aideen Gahan
Rúnaí Cuideachta

Rúnaí
Aideen Gahan Uasal

Iniúchóir
KPMG
Cuntasóirí Cairte
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Baincéirí
Bainc-Aontas Éireann, cpt
40/41 Sráid Westmoreland
Baile Átha Cliath 2

Banc na hÉireann
2 Plás Burlington
Bóthar Burlington, Baile Átha Cliath 4

Banc Danske
3 Plás Mháistir an Chuain
IFSC, Baile Átha Cliath 1

Aturnae
A & L Goodbody
Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Oifig chláraithe
The Times Building
11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2
Teil.: +353-1-671 8655
Facs: +353-1-679 2934
Suíomh Gréasáin: www.iaa.ie

Uimhir chláraithe
211082

Donal Handley
Gnóthaí Corparáideacha

Maeve Hogan
Airgeadas

Philip Hughes
Tráchtáil, Teicneolaíocht agus Oiliúint

Ralph James
Rialáil Sábháilteachta agus Slándála

Peter Kearney
Oibríochtaí agus Straitéis Bainistíochta Aerthrachta

Brendan Mulligan
Acmhainní Daonna

FREASTAL AR CHRUINNITHE BOIRD AGUS COISTE SA BHLIAIN 2015

Stiúrthóir	Cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu	Uaslíon na gcruinnithe boird a raibh an stiúrthóir in ann freastal orthu	Líon na gcruinnithe coiste ar freastalaíodh orthu	Uaslíon na gcruinnithe coiste a raibh an stiúrthóir in ann freastal orthu
Anne Nolan *Cathaoirleach*	7	7	3	3
Eamonn Brennan *Príomhfheidhmeannach*	7	7	1	1
Marie Bradley	7	7	4	4
Ernie Donnelly	7	7	2	2
Pascal Fitzgerald	4	7	-	3
Basil Geoghegan	7	7	3	3
Michael Norton	6	7	2	2
Geoffrey O'Byrne-White	3	4	2	4
Kevin O'Driscoll	6	7	2	2

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Anne Nolan
Cathaoirleach

Forbhreathnú

Is í sábháilteacht an phríomhthosaíocht atá againn. Mar sin, tá áthas orm a thuairisciú go ndearna an IAA maoirseacht éifeachtach sábháilteachta de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta ab airde ar earnáil eitlíochta na hÉireann sa bhliain 2015. Ag an am céanna, cuireadh seirbhísí aerloingseoireachta ar fáil in aerspás faoi rialú na hÉireann agus ar an Atlantach Thuaidh (cumarsáid) ar bhealach sábháilte agus éifeachtúil.

Tá an cultúr bainistíochta dírithe ar fheidhmíocht go fóill, áit a bhfuil ardchaighdeáin ar bun agus a bhfuilimid ag comhlíonadh gach cuspóra rialachais sa dearcadh agus sa chleachtas araon.

Ag teacht sna sála ar iniúchadh ón Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) ar an gcur chuige faireacháin leanúnaigh, rangaíodh Éire sa dara háit san Eoraip agus sa cheathrú háit ar domhan maidir le maoirseacht ar shábháilteacht eitlíochta sibhialta. In iniúchadh seachtrach ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA) ar an dóigh a ndearna IAA rialáil ar bhainistíocht aerthrácht/ar sheirbhísí aerloingseoireachta, deimhníodh go bhfuilimid ag comhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde.

Tá an IAA freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar shlándáil eitlíochta sibhialta sa Stát. Cuireadh clár iniúchtaí agus cigireachtaí i gcrích le linn na bliana, agus iad leagtha amach faoin gClár Náisiúnta um Shlándáil Eitlíochta Sibhialta. Le héifeacht ón 1 Nollaig 2015, leagadh ar an IAA freagrachtaí nua as slándáil bainistíochta aerthrácht, as cibearbhagairtí ar an eitlíocht agus as slándáil thaobh na talún.

Le déanaí, chuir an IAA an chéad mhodúl ar domhan um chlárú ladrann ar líne i bhfeidhm. Tá méadú suntasach tagtha ar ghníomhaíocht ladrann le déanaí agus ghníomhaigh an IAA go tapa chun reachtaíocht nua a thabhairt isteach d'fhonn cur le sábháilteacht ladrann. Tá níos mó ná 1,800 ladrann cláraithe go dtí seo.

A bhuí le feabhsuithe ar fhás tráchta (a mhéadaigh faoi 5.6% sa bhliain 2015) agus le clár leanúnach um shrianadh costais, in éineacht le hinfheistíochtaí sa teicneolaíocht, mhéadaigh brabús oibriúcháin go €33.6 milliún sa bhliain. B'ionann é sin agus méadú 13.2% ar an bhfigiúr don bhliain seo caite. Mhéadaigh láimhdeachas faoi 3.3% go €183.4 milliún. Tá áthas orm a thuairisciú gur mhol an bord go n-íocfaí díbhinn €7.43 milliún le scairshealbhóirí, rud ab ionann é agus méadú 13.7% ar an bhfigiúr don bhliain seo caite. Ní fhaigheann an IAA aon tacaíocht airgeadais ón Stát.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

Tá an IAA tiomanta dá ról a imirt maidir le tionscal eitlíochta na hÉireann a chur chun cinn agus, le linn na bliana, d'urraigh sé roinnt imeachtaí eitlíochta ar éirigh go geal leo – aersheónna Bhré, Shionainne agus Fhainge agus Dámhachtainí an Tionscail Eitlíochta ina measc. Chomh maith leis sin, thug an IAA tacaíocht shuntasach d'Fhondúireacht Eitiltí Stairiúla na hÉireann (IHFF), carthanas a bunaíodh chun na gnéithe stairiúla den eitlíocht sa Stát a chur chun cinn.

Le linn na bliana, chuireamar fáilte roimh fhoilsiú an Bheartais Náisiúnta Eitlíochta ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Táimid ag tnúth le ról lárnach a imirt maidir leis an mBeartas sin a chur chun feidhme, lena n-áireofar páirt a ghlacadh san Fhóram Náisiúnta nua Eitlíochta.

Rialachas Corparáideach

Tá an bord tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a bhaint amach. Chuir an IAA bearta cuí i bhfeidhm chun cloí leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tugann sé tuairisc rialta don Aire ar na gníomhaíochtaí sin. Tá na bearta sin leagtha amach i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Chuir na Stiúrthóirí méid suntasach ama ar leataobh do na ceithre fhochoiste de chuid an bhoird, rud a d'éascaigh reáchtáil réidh éifeachtúil an bhoird.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí eile den bhord as a n-obair dhícheallach agus as a dtiomantas le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Uas. Paschal Donohoe TD, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, as an tacaíocht leanúnach a thugann sé don IAA.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don cheannaireacht éifeachtach a chuir Eamonn Brennan, an Príomhfheidhmeannach, ar fáil maidir leis an iomad éachtaí a bhain an IAA amach. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le lucht bainistíochta agus le foireann an IAA as a dtiomantas agus as a ndíograis leanúnach dá gcuid oibre a sholáthar de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde. Táim ag tnúth le bheith ag obair le gach duine agaibh sa bhliain 2016.

Anne Nolan
Cathaoirleach

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

Is í sábháilteacht an rud is tábhachtaí dúinn agus féachann an IAA i gcónaí leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a bhaint amach sa dóigh a ndéanaimid maoirseacht ar shábháilteacht agus ar shlándáil na heitlíochta sibhialta in Éirinn agus sa dóigh a soláthraímid seirbhísí sábháilte rialaithe aerthrachta dár gcustaiméirí aerlíne.

Earnáil ríthábhachtach i ngeilleagar na hÉireann is ea an earnáil eitlíochta, agus tá rún daingean ag an IAA cabhrú le feasacht a mhúscailt ar thionscal eitlíochta sibhialta na hÉireann agus é a chur chun cinn. D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, thacaíomar le roinnt tionscnamh tábhachtach sa bhliain 2015, lenar áiríodh Dámhachtainí an Tionscail Eitlíochta agus Fondúireacht Eitiltí Stairiúla na hÉireann, carthanas a bunaíodh chun na gnéithe stairiúla den eitlíocht sa Stát a chur chun cinn. Faigheann an carthanas tacaíocht ón tionscal ar fad agus tá sé beartaithe aige gníomhaíochtaí suntasacha a eagrú sna blianta atá le teacht. Chomh maith leis sin, thacaíomar le haerthaispeántí móra poiblí i mBré, i Sionainn agus i bhFaing, imeachtaí ar mheall breis agus 150,000 duine chucu i mí Iúil. Tugann gach ceann de na gníomhaíochtaí sin daoine ón tionscal ar fad le chéile.

Seachas na mór-aerlínte agus na mór-aerfoirt, tá tionscal eitlíochta sibhialta na hÉireann comhdhéanta de mhórán fo-earnálacha, lena n-áirítear eagraíochtaí cothabhála agus deisiúcháin, eagraíochtaí oiliúna, an lucht taighde agus forbartha eitlíochta, an lucht eitlíochta spóirt, acadóirí eitlíochta, eagraíochtaí ladrann, agus cuid mhór eile. Tá sé ríthábhachtach go dtugtar tacaíocht go gach ceann de na réimsí difriúla sin chun tairbhe don mhórgheilleagar. Réimse tábhachtach ina leith sin is ea an earnáil maoiniúcháin agus léasúcháin aerárthaí, rud a dhéanann rannchuidiú tábhachtach maidir leis an stát i dtaca le torthaí don státchiste agus a fhostaíonn líon mór sainghairmithe cáilithe. Tá bonn suntasach in Éirinn ag gach ceann de na 10 bpríomhléasóir maoiniúcháin aerárthaí ar domhan.

Na 10 bPríomhléasóir Aerárthaí de réir luach cabhlaigh
Foinse: Fleets Analyzer, Nollaig 2015

Áit	Léasóir	Luach Cabhlaigh ($bn)
1	AerCap	31.6
2	GECAS	30.9
3	BBAM	12.8
4	SMBC Aviation Capital	10.9
5	Air Lease	10.5
6	BOC Aviation	10.2
7	CIT Aerospace	9.6
8	ICBC Leasing	7.7
9	AWAS	7.0
10	Avolon	6.4

Chuireamar fáilte roimh fhoilsiú an Bheartais Náisiúnta Eitlíochta Sibhialta ag an Uas. Paschal Donohue TD, an tAire Iompair, Turasóireachta

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH (AR LEAN)

agus Spóirt, i mí Lúnasa. Bímid ag tacú go gníomhach leis an Stát cur chun feidhme a dhéanamh ar na gníomhartha atá leagtha amach sa Bheartas agus leis na gníomhaíochtaí de chuid an Fhóraim Náisiúnta um Fhorbairt Eitlíochta Sibhialta a bunaíodh go luath sa bhliain 2016. Creidimid gur féidir leis na gníomhartha atá leagtha amach sa Bheartas cabhrú le hiomaíochas na hÉireann laistigh de thionscal eitlíochta na hEorpa agus laistigh den mhórthionscal domhanda eitlíochta a choinneáil ar bun.

Ag teacht sna sála ar iniúchadh ón Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) ar an gcur chuige faireacháin leanúnaigh go luath sa bhliain 2015, rangaíodh Éire sa dara háit san Eoraip agus sa cheathrú háit ar domhan maidir le maoirseacht ar shábháilteacht eitlíochta sibhialta. Thángthas ar an gconclúid san iniúchadh gur éirigh le hÉirinn 94.04% de na Caighdeáin agus de na Cleachtais Mholta is infheidhme agus na nósanna imeachta gaolmhara ón ICAO a chur chun feidhme go héifeachtach. Táimid fós tiomanta don rangú sin a choinneáil agus a fheabhsú amach anseo.

Comparáid le Mór-Stáit ar fud an Domhain	
Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	98.86%
Ceanada	95.33%
an Fhrainc	94.43%
Éire	94.04%
an Ríocht Aontaithe (an Eoraip)	93.63%
Stáit Aontaithe Mheiriceá	91.35%
an Ghearmáin	89.83%
an tSín	86.43%
an Bhrasaíl	85.75%
Cónaidhm na Rúise	83.02%

Foinse: ICAO

I mí na Nollag, d'éiríomar ar an gcéad tír ar domhan a chuir córas clárúcháin ladrann i bhfeidhm go rathúil. Tá fás suntasach tagtha laistigh de thréimhse ghairid ama ar úsáid na gcóras aerárthaí cianrialaithe, ar a dtugtar 'ladrainn' freisin. Tá an IAA dírithe ar oibriú sábháilte na ladrann agus thug sé reachtaíocht nua isteach le déanaí d'fhonn cur le sábháilteacht ladrann. Leis an reachtaíocht sin, cuirtear toirmeasc ar úsáideoirí ladrainn a úsáid ar bhealach neamhsháibháilte agus éilítear gur gá gach ladrann ina bhfuil níos mó ná 1 kg a chlárú leis an IAA. Tá níos mó ná 1,800 ladrann cláraithe go dtí seo.

Sa bhliain 2015, d'éirigh leis an IAA níos mó ná 1 mhilliún eitilt a bhainistiú go sábháilte agus go héifeachtúil. B'ionann é sin agus méadú 5.6% ar an bhfigiúr don bhliain 2014. D'fhág sé sin gur bhainistigh an IAA meánlíon 2,811 eitilt gach lá ag aerfoirt Stát na hÉireann, trí aerspás na hÉireann agus ar an Atlantach Thuaidh. Níor tabhaíodh aon mhoilleanna ab inchurtha i leith an IAA i gcás eitiltí faoi bhealach (is iad sin, eitiltí nach dtagann, den chuid is mó, chun talún in Éirinn) ná i gcás eitiltí ag aerfoirt an Stáit i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i Sionainn. Tá ár dtáillí custaiméirí fós i measc na dtáillí is ísle san Eoraip.

Cé gur tháinig méadú ar thrácht ar fud gach réimse dár ngnó – mhéadaigh líon na dtraseitiltí faoi 5.4% go 317,739 ngluaiseacht, mhéadaigh líon na n-eitiltí a láimhseáladh ar an Atlantach Thuaidh faoi 5.3% go 442,645 cinn, agus mhéadaigh an trácht iomlán tráchtála ag aerfoirt an Stáit faoi 6.0% go 228,084 ghluaiseacht – ba shuntasach a bhí an méadú 10% i dtrácht ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Lean an fás leanúnach sin ar aghaidh sa bhliain 2016 agus tá aerfort Bhaile Átha Cliath ag oibriú anois de réir na leibhéal a bhí i réim sa bhliain 2008. Tá géarghá ann le rúidbhealach comhthreomhar nua a thógáil a luaithe is féidir.

Treochtaí Tráchta an IAA 1997 go 2015



Bímid ag tacú go gníomhach le dara rúidbhealach a fhorbairt ag aerfort Bhaile Átha Cliath, agus é ina ghné thábhachtach den bhonneagar náisiúnta a theastaíonn chun nascacht mhéadaithe a sholáthar do phaisinéirí agus chun tairbhí eacnamaíocha suntasacha a bhrú chun cinn don Stát.

Fógraíodh roinnt bealaí nua in aerfort Chorcaí agus in aerfort na Sionainne sa chuid dheireanach den bhliain 2015 agus is dócha go mbeidh méadú ann sa leibhéal gníomhaíochta sa bhliain 2016 dá mbarr.

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH (AR LEAN)

Gluaiseachtaí Críochfoirt Tráchtála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath (1997 go 2015)



Gluaiseachtaí Críochfoirt Tráchtála ag Aerfort na Sionainne agus ag Aerfort Chorcaí (1997 go 2015)



Rialáil Sábháilteachta

Is í rialáil láidir sábháilteachta atá taobh thiar den tsártheist leanúnach sábháilteachta atá againn san eitlíocht shibhialta. Leanann an IAA ar aghaidh le maoirseacht éifeachtach a dhéanamh de réir na gcaighdeán is airde ar earnáil eitlíochta na hÉireann agus oibríonn sé go dlúth le heagraíochtaí idirnáisiúnta san Eoraip agus ar fud an domhain chun cur arís eile leis an tionchar atá againn agus leis an gcáil atá orainn.

Leanann an córas eitlíochta sibhialta ar fud an domhain de bheith ag méadú agus is amhlaidh an scéal in Éirinn. Is mar seo a leanas atá méid an tionscail a ndéanann an IAA maoirseacht air sa lá atá inniu ann:

I dtionscal eitlíochta sibhialta a bhíonn ag fás i gcónaí, is gá d'údaráis rialála agus d'eagraíochtaí araon bealaí nuálacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar bhainistíocht sábháilteachta ar mhaithe le leibhéil reatha sábháilteachta a choinneáil ar bun agus a fheabhsú. Chuige sin, tá an IAA ag bogadh i dtreo cur chuige atá rioscabhunaithe agus faoi réir sonraí a ghlacadh i leith maoirseacht sábháilteachta. Tá an cur chuige sin ag brath ar shonraí sábháilteachta a bhailiú ó roinnt foinsí difriúla, ar na sonraí sin a anailísiú chun faisnéis sábháilteachta a bhaint, agus ar an bhfaisnéis sin a úsáid chun díriú ar na réimsí lena mbaineann an imní is mó. Tá an cur chuige ag teacht leis an obair a dhéanann eagraíochtaí ceadaithe trína gcórais bhainistíochta sábháilteachta.

Ceann de na príomhdhúshláin os comhair bainistíocht éifeachtach sábháilteachta is ea tomhais chuí ar fheidhmíocht sábháilteachta a shainaithint. Cruthaíonn an méid sin córas casta tomhais a chuimsíonn táscairí feidhmíochta sábháilteachta ag leibhéal an Stáit agus ag leibhéal eagraíochta araon, córas a chuimsíonn réimsí éagsúla agus leibhéil éagsúla den chóras eitlíochta. Is san Athbhreithniú Bliantúil ar Shábháilteacht a fhoilsítear na príomhthomhais ardleibhéil ar fheidhmíocht sábháilteachta in Éirinn *(www.iaa.ie/safety/safety-performance1).*

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH (AR LEAN)

Phróiseáil an IAA breis agus 8,100 tuairisc teagmhais sábháilteachta sa bhliain 2015 (anuas ó 7,200 ceann sa bhliain 2014) agus rinneadh imscrúduithe leantacha ar na haonáin a thug tuairisc, agus cur chuige rioscabhunaithe á úsáid lena linn.

Bhain riosca an-íseal le formhór mór na dtuairiscí teagmhais sábháilteachta (97%) a ndearnadh imscrúdú orthu. Tá ráta tuairiscithe teagmhais na hÉireann ar cheann de na rátaí is fearr san Eoraip.



Lean tionscal eitlíochta na hÉireann ar aghaidh lena theist láidir feidhmíochta sábháilteachta sa bhliain 2015, agus é inchurtha le teist Stát eile san AE agus ar fud an domhain araon.

- Ní raibh aon timpistí marfacha ann a bhain le hoibreoirí tráchtála Éireannacha sa bhliain 2015;
- Bhí timpiste mharfach amháin ann a bhain le haerárthach a bhí cláraithe in Éirinn agus a bhí ar léas le hoibreoir tráchtála Rúiseach. Thuairteáil an t-aerárthach san Éigipt agus cailleadh 224 dhuine dá bharr. Cé nach bhfuil an tuarascáil deiridh ar an timpiste eisithe go fóill, meastar go raibh ionsaí sceimhlitheoireachta ina chúis leis an timpiste sin;
- Ar an drochuair, bhí dhá thimpiste mharfacha ann sa bhliain 2015 a bhain le haerárthaí eitlíochta ginearálta. Oibríonn an IAA go dlúth le Comhairle Sábháilteachta Eitlíochta Ginearálta na hÉireann (GASCI) chun treoir a thabhairt don phobal eitlíochta ginearálta d'fhonn cabhrú le dul i ngleic leis na príomhchúiseanna le timpistí.

Is féidir gníomhartha maolaithe riosca a chinneadh ó anailís a dhéanamh ar na bunchúiseanna le timpistí agus le teagmhais. Is féidir iad a chinneadh freisin ó anailís a dhéanamh ar mheasúnachtaí riosca agus ar fhaisnéis faoi fheidhmíocht sábháilteachta agus faoi chomhlíonadh rialála a bhailítear ó ghníomhaíochtaí maoirseachta sábháilteachta. Áirítear sa Phlean Sábháilteachta Stáit 2015 – 2018 na gníomhartha maolaithe atá á ndéanamh ag an IAA chun aghaidh a thabhairt ar na príomhrioscaí sábháilteachta a théann i bhfeidhm ar chóras eitlíochta sibhialta na hÉireann *(www.iaa.ie/safety/safety-performance1)*.

Sa bhliain 2015, bhí an IAA ina ábhar do roinnt iniúchtaí neamhspleácha ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA). Leanaimid ar aghaidh le feidhmíocht an-mhaith a bhaint amach sna hiniúchtaí sin. Áiríodh leis sin an toradh an-dearfach a fuarthas ón gcéad iniúchadh caighdeánaithe riamh ó EASA ar bhainistíocht aerthrachta/sheirbhísí aerloingseoireachta in Éirinn. Má táthar chun leanúint ar aghaidh le sárchóras bainistíochta aerthrachta/seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar, beidh gá ann le maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar athruithe córais a bhaineann le sábháilteacht. Sa bhliain 2015, rinne an rannóg rialála sábháilteachta san IAA maoirseacht ar roinnt mórfheabhsuithe córais agus ghlac sí go foirmiúil leo. Áiríodh leis na feabhsuithe sin uasghráduithe ar inniúlacht an chórais faireachais agus nuashonruithe eile ar phríomh-bhogearraí an chórais bhainistíochta aerthrachta.

Rinneadh iniúchadh ar 27 n-aerfort Éireannacha san iomlán mar chuid den chlár faireachais aeradróm sa bhliain 2015. Chomh maith leis sin, rinneadh 21 chigireacht maoirseachta ar sheirbhísí aerloingseoireachta mar chuid den chlár faireachais don bhliain 2015. Tá ardchaighdeáin i réim i gcás an dá réimse sin agus comhlíonann siad araon na caighdeáin ón ICAO agus ó EASA.

Rinneadh ardmhaoirseacht ar an eitlíocht ghinearálta agus lean an IAA de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí de chuid Chomhairle Sábháilteachta Eitlíochta Ginearálta na hÉireann (GASCI).



Tá beagán os cionn 1,200 aerárthach ar chlár na hÉireann. Is léirithe thuas atá na leibhéil ghníomhaíochta a bhí ann chun tacú le clárú agus le díchlárú aerárthaí. Ar an dea-uair, tá maolú tagtha anois ar an méadú mór i ngníomhaíochtaí clárúcháin a tháinig chun cinn de bharr na géarchéime geilleagraí. Mar sin, bíonn thart ar 225 idirbheart ar chlár na hÉireann gach bliain anois.

Mar rialálaí sábháilteachta eitlíochta sibhialta i dtír atá oscailte agus forásach, tugann an IAA aird go fóill ar smaointe nua agus ar chineálacha nuálacha cur chuige ó thionscal na hÉireann. Is é atá i gceist leis sin freisin freastal go sábháilte ar na riachtanais a ghabhann le smaointe nua gnó, amhail struchtúir nua aerlíne agus cineálacha nua aerárthaí ó fhoinsí neamhthraidisiúnta. Mar shampla, cuirfidh CityJet tús go luath le hoibríochtaí ina n-úsáidfear ceithre aerárthach Rúiseacha nua ar a dtugtar "Sukhoi SSJ100 Superjet". Beidh sé sin ar an gcéad uair a úsáidfear a leithéid aerárthaigh in Éirinn.

Maidir leis na haerárthaí ar léas eachtrach atá ar Chlár na hÉireann, déanann an IAA faireachas ar aeracmhainneacht na n-aerárthaí sin de réir Airteagal 83 bis den Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (an Coinbhinsiún lenar bunaíodh an ICAO). Ball den IAA atá sa leaschathaoirleach ar thascfhórsa Airteagal 83 bis den Choinbhinsiún lenar bunaíodh an ICAO. Is as obair an tascfhórsa sin a fhorbróidh an ICAO, faoi dheireadh na bliana 2016, nósanna imeachta nua maidir le cur chun feidhme Airteagal 83 bis d'fhonn tacú ar bhealach níos fearr le léasú idirnáisiúnta.

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH (AR LEAN)

I gcás na rialachán nua AE maidir le hoibríochtaí aeir, cuireadh iad chun feidhme go hiomlán laistigh den IAA agus i measc gach aeriompróra a bhfuil Deimhniú Aer-Oibreoirí na hÉireann (AOC) acu sa bhliain 2015. Tá an méid sin de thoradh ar iarrachtaí fairsinge atá déanta ag an tionscal agus ag an IAA araon le trí bliana anuas. Go luath sa bhliain 2016, eisíodh rialacháin nua AE maidir le Teorainneacha le hAmanna Eitilte san Eoraip i dtaca le baill den fhoireann eitilte agus den fhoireann cábáin. Ghlac an IAA páirt iomlán sa phróiseas comhairliúcháin le haghaidh na rialachán sin sa bhliain 2015 agus thug sé tacaíocht do thionscal na hÉireann lena linn.

San am i láthair, déanaimid maoirseacht ar 13 cinn de Dheimhnithe Aer-Oibreoirí na hÉireann, ar 10 gcinn de Dheimhnithe Aer-Oibreoirí Aerárthach Sciatháin Dhobhogtha agus ar 3 cinn de Dheimhnithe Aer-Oibreoirí Héileacaptar. Tá na deimhnithe sin faoi réir sceideal iniúchtaí thar thimthriall 24 mhí ach cur chuige atá rioscabhunaithe agus feidhmíochtbhunaithe a úsáid. Tá roinnt de na sealbhóirí Deimhnithe Aer-Oibreoirí sin páirteach i gcláir mhórfhairsingithe faoi láthair agus déantar breithniú ar na cláir sin mar chuid den chlár maoirseachta.

Sa bhliain 2015, tháinig méadú ar líon na n-aerárthaí atá á n-oibriú ag na príomh-aeriompróirí a bhfuil Deimhniú Aer-Oibreoirí na hÉireann (AOC) acu. Cuimsíonn an líon sin na nithe seo a leanas faoi láthair:

RYANAIR	335 Aerárthach
Aer Lingus	46 Aerárthach
ASL	33 Aerárthach
norwegian	32 Aerárthach
CITYJET	18 Aerárthach
Stobart Air	16 Aerárthach

Leanaimid ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt don iarratas ó Norwegian Air International ar chead a fháil oibriú ar an Atlantach Thuaidh de réir an Chomhaontaithe um Aerspás Oscailte idir an AE agus na Stáit Aontaithe.

Osclaíodh clár na Scairdeitleán Gnó an 1 Meán Fómhair 2015, agus é dírithe ar an earnáil eitlíochta príobháidí agus corparáidí.

Rialáil Slándála Eitlíochta

Mar atá leagtha amach sa Chlár Náisiúnta um Shlándáil Eitlíochta Sibhialta, tá an IAA ar an údarás cuí in Éirinn ar a bhfuil freagracht as slándáil eitlíochta sibhialta a chomhordú agus a chur chun feidhme sa Stát. Dá réir sin, is é an IAA a cheadaíonn gach aonán rialáilte atá ag cur bearta slándála eitlíochta chun feidhme. Le linn na bliana, tugadh faoi chlár iniúchtaí, cigireachtaí agus trialacha i dtaca le haerfoirt, le haeriompróirí, le gníomhairí rialáilte, le coinsíneoirí aitheanta agus le soláthraithe.

Tá thart ar 630 comhlacht rialáilte – idir aonáin agus theagascóirí – faoi réir ceadaithe, faireachán comhlíonta agus forfheidhmithe. Ag an am céanna, tá thart ar 1,200 duine deimhnithe ag an IAA nó thar a cheann (scagthóirí, daoine rialaithe rochtana, scrúdaitheoirí feithiclí, patróil agus foireann faireachais ag aerfoirt). Le linn na bliana 2015, eisíodh ceaduithe agus deimhnithe de réir gach ceann de na rialacháin riachtanacha. Ina theannta sin, lean an IAA ar aghaidh leis an gclár um dheimhniú scagthóirí a chur i bhfeidhm.

D'fhonn tacú leis an tionscal, d'infheistigh an IAA méid suntasach ama agus acmhainní chun cabhrú le ceanglais rialála slándála eitlíochta an AE a chur chun feidhme. Reáchtáladh cruinnithe faisnéise agus cruinnithe comhordaithe leis an tionscal ar bhonn rialta le linn na bliana 2015. D'óstáil an IAA ceardlann maidir le "cibearbhagairtí ar an eitlíocht

shibhialta" freisin, agus é mar aidhm léi feasacht a mhéadú sa tionscal ar an ngné thábhachtach sin den tslándáil eitlíochta.

Le héifeacht ón 1 Nollaig 2015, leagadh ar an IAA freagrachtaí nua as slándáil bainistíochta aerthrácht a, as cibearbhagairtí ar an eitlíocht agus as slándáil thaobh na talún. Ghlac an IAA freagracht freisin as nósanna imeachta speisialta maidir le scagadh a bhunú agus as trealamh a cheadú.

Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Oibriúcháin

D'éirigh leis an Stiúrthóireacht Oibríochtaí agus leis an Stiúrthóireacht Teicneolaíochta seirbhís a bhí sábháilte, éifeachtúil agus iontaofa a sholáthar dár gcustaiméirí aerlíne sa bhliain 2015. Ní hé amháin gur chomhlíonamar spriocanna Scéim Feidhmíochta an AE maidir leis an gcomhshaol agus le hacmhainn, sháraíomar na spriocanna sin freisin trí bhealaí díreacha a chur ar fáil d'aerlínte gan aon mhoilleanna bainistíochta aerthrácht a ab inchurtha i leith an IAA. Léirítear sna staitisticí maidir le cloí le sliotáin go bhfuil ár bhfeidhmíocht ina leith sin os cionn an ghnáthleibhéil san AE go fóill.

Sholáthraíomar roinnt tionscadal tábhachtach le linn na bliana, ba iad sin:

Point Merge: Tar éis é a chur chun feidhme go rathúil ar Rúidbhealach 28 in aerfort Bhaile Átha Cliath, tugadh Point Merge isteach i Rúidbhealach 10 i mí Aibreáin. Le Point Merge, feabhsaítear an dóigh a gcuirtear aerárthaí in ord lena dtabhairt chun talún. Mar sin, soláthraítear coigilteas suntasach d'aerlínte maidir le hastaíochtaí laghdaithe breosla agus CO_2 agus laghdaítear moilleanna do phaisinéirí.

Cianseirbhísí Túir: I mí an Mheithimh, shínigh an IAA conradh le Saab chun cianseirbhísí túir a sholáthar ag aerfort Chorcaí agus ag aerfort na Sionainne agus chun ionad rialaithe cianseirbhísí túir a sholáthar ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Is é aidhm an tionscadail sin seirbhísí aerloingseoireachta a chur ar fáil nuair a bhíonn méid íseal tráchta ann. Dá bhrí sin, soláthrófar seirbhísí níos sábháilte rialaithe aerthrácht a agus déanfar amhlaidh ar chostas níos réasúnta. Tá sé beartaithe againn an teicneolaíocht sin a thástáil níos déanaí i mbliana.

Comhsheirbhís North Atlantic Communications le ISAVIA: I mí an Mheithimh, chuir an IAA agus ISAVIA (an soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta san Íoslainn) tús le hoibríochtaí ar a gcóras nua rialaithe guthchumarsáide. Leis an gcóras, atá suiteáilte i mBaile Uí Gheirín agus in Gufunes (an Íoslainn), cumasaítear don dá ionad feidhmiú mar ionadh fíorúil amháin. Ní ag aon stáisiúin raidió eile ar domhan atá saoráid den sórt sin.

Ionad Teagmhasach faoi Bhealach: Is críochnaithe anois atá na hoibreacha sibhialta ar an Ionad nua Teagmhasach faoi Bhealach de chuid an IAA. Tá an tIonad suite i mBaile Uí Gheirín. Táthar ag díriú ar fheistiú teicniúil an ionaid anois agus meastar go mbeidh an tsaoráid lánfheidhmeach faoi lár na bliana 2017.

Comhghuaillíochtaí agus Comhpháirtíochtaí

Le blianta anuas, tá an IAA ag obair go rathúil le príomh-chomhpháirtithe ar mhaithe lena chuspóirí a bhaint amach.

Is ionann comhghuaillíocht COOPANS agus comhpháirtíocht idirnáisiúnta idir na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta in Éirinn, san Ostair, sa Chróit, sa Danmhairg agus sa tSualainn. Is é Thales an soláthraí tionscail atá roghnaithe acu. Feidhmíonn na comhpháirtithe córas bainistíochta aerthrácht a atá comhchuibhithe go hiomlán, den chéad scoth, sábháilte agus cost-éifeachtúil. Sa bhliain 2015, d'éirigh leis na comhpháirtithe a gcomhchóras bainistíochta aerthrácht a uasghrádú i 7 n-ionad thar thréimhse dhá sheachtain. Rinneadh an t-uasghrádú go rianúil agus ní raibh aon chur isteach ann ar oibríochtaí lena linn, rud a thaispeáin leibhéal comhair nach bhfuil le feiceáil áit ar bith eile sa tionscal. Tá obair fós ar siúl idir Comhghuaillíocht COOPANS agus

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH (AR LEAN)

an DSNA (an soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta sa Fhrainc), agus iad ag féachaint ar an bhféidearthacht a bhaineann le comhchóras a thabhairt isteach sna blianta atá romhainn. A bhuí le Comhghuaillíocht COOPANS, bhíomar in ann ár gcostas soláthar córais a laghdú faoi 30%.

Cúis an-áthais dom gur thug an Coimisiún Eorpach aitheantas cuí do Chomhghuaillíocht COOPANS i mí an Mhárta 2016. Bronnadh Dámhachtain ar an gComhghuaillíocht ag Dámhachtainí an Aerspáis Eorpaigh Aonair, na chéad dámhachtainí dá gcineál de chuid an Choimisiúin. D'fhógair an Coimisiún:

"Is ionann tionscnamh COOPANS agus cur chuige rathúil i leith córais bhainistíochta aerthrácht a chomhchuibhiú ar fud na hEorpa, áit a moltar comhpháirtíocht thionsclaíoch atá nuálach agus éifeachtach agus a chuireann le réitigh SESAR. Tá sé mar aidhm aige freisin sineirgí a fhorbairt chun réitigh theicniúla atá nuálach agus comhchuibhithe a chur chun feidhme d'fhonn cur le cuspóirí feidhmíochta ardleibhéil an Aerspáis Aonair, go háirithe maidir le hacmhainn córas a mhéadú agus maidir le costais soláthar seirbhíse a laghdú. D'aithin na moltóirí an acmhainneacht shuntasach onnmhairiúcháin a bhaineann leis an tionscnamh freisin."

ENTRY POINT NORTH

Leanaimid ar aghaidh lenár gcomhar éifeachtach le Entry Point North agus é ag soláthar seirbhísí oiliúna aerthrácht don IAA.

Aireon

Le linn na bliana, mhéadaíomar ár scairsheilbh in Aireon LLC, cuideachta Mheiriceánach atá ag forbairt córais dhomhanda spásbhunaithe um fhaireachas aerthrácht. Is ionann an infheistíocht US$ 18.4 milliún atá déanta againn go dtí seo agus scairsheilbh cothromais is fiú 3.75% den chuideachta. Méadóimid ár scairsheilbh sa chuideachta go 6% faoin mbliain 2017. Cuirfidh Aireon athrú ó bhun ar an dóigh a mbainistítear aerthrácht agus, san am i láthair, táimid ag obair le hinfheisteoirí eile in Aireon chun ceadú rialála a fháil ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA) úsáid oibríochtúil a bhaint as sonraí satailítbhunaithe ADS-B (craolachán faireachais spleách uathoibríoch). Beidh an tseirbhís ALERT de chuid Aireon i mbun feidhme sa bhliain 2018. Beidh sí lonnaithe i mBaile Uí Gheirín agus cuirfidh sí feabhas ar na seirbhísí faireachais a sholáthraítear.

SESAR

In éineacht le cuideachtaí eile bainistíochta aerthrácht, le haerlínte agus le haerfoirt, tá an IAA páirteach i mbainistíocht Bhainisteoir Imscartha SESAR (Taighde agus Forbairt um Bainistíocht Aerthrácht maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair) de chuid an AE. Is ag an mBainisteoir Imscartha atá buiséad €3 billiún, geall leis, atá le himscaradh chun an t-aerspás Eorpach a nuachóiriú.

UK – Ireland FAB
Europe's North Atlantic Gateway

Go luath sa bhliain 2015, cheadaigh an AE Phlean Feidhmíochta Bhloc Feidhme Aerspáis (FAB) na hÉireann/na Ríochta Aontaithe don tréimhse 2015 go 2019. Leagtar amach sa Phlean sin táillí eitiltí faoi bhealach agus táillí custaiméirí críochfoirt do na cúig bliana sin. Áirítear leis spriocanna náisiúnta agus comhspriocanna an Bhloic Feidhme Aerspáis maidir leis na nithe seo a leanas freisin: sábháilteacht, an comhshaol (éifeachtúlacht eitiltí faoi bhealach), acmhainn (moilleanna) agus cost-éifeachtúlacht.

Tá áthas orm a thuairisciú gur chomhlíon Éire gach ceann dá cuid spriocanna sa bhliain 2015.

Faoi raon feidhme ghníomhaíochtaí an Bhloic Feidhme Aerspáis, d'oibrigh an IAA go dlúth le NATS sa Ríocht Aontaithe maidir leis an triail X-Man agus maidir le Tástáil Oibríoch ar Earnáiliú Dinimiciúil (DSOT) a chríochnú.

borealis ALLIANCE

Lean an IAA de bheith ag tacú le hobair Borealis, comhghuaillíocht de chuid ANSP atá comhdhéanta de naoi mball, agus bhain sé leas as an gComhghuaillíocht chun deiseanna seirbhíse tráchtála a mhargú. Le linn na bliana 2015, leanadh ar aghaidh le hobair ar an Aerspás Saorbhealaigh a chur chun feidhme ar fud an aerspáis ar fad sa réigiún faoin mbliain 2018 (cé gur thug an IAA an coincheap feidhmiúil sin isteach sa bhliain 2010, tá sé ag tacú le mórthionscnamh Borealis).

Iomaíochas Costais

Bímid ag féachaint i gcónaí le seirbhís aerthrachta atá sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar ar phraghsanna iomaíocha. Sa bhliain 2015, bhí ár gcostais ar sheirbhísí eitiltí faoi bhealach fós i measc na gcostas ab ísle san Eoraip. Tá ár gcost-éifeachtúlacht airgeadais 'geata go geata' thart ar 24% níos airde ná meánfhigiúr na hEorpa. Chomh maith leis sin, níl ach méadú 2.9% tagtha ar ár gcostais 'geata go geata' le hocht mbliana anuas, i gcomparáid leis an méadú measta 4.7% atá tagtha ar mheánfhigiúr na hEorpa sa tréimhse chéanna. Táimid ar cheann de na soláthraithe is táirgiúla seirbhísí aerloingseoireachta san Eoraip. Agus í cothrom le €29.67 don bhliain 2016, tá ár dtáille do chustaiméirí eitilte faoi bhealach fós ar cheann de na táillí is ísle san Eoraip.

EUROCONTROL En route unit rates € - 2016



ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH (AR LEAN)

Aiseolas ó Chustaiméirí

Feidhmíonn an IAA clár um chúram custaiméirí a bhfuil an-mheas air agus tugann sé tuairisc gach bliain ar na freagraí a fhaightear ó chustaiméirí. Sa bhliain 2015, bhaineamar meánrátáil sástachta 92.95% amach bunaithe ar fhreagraí a fuarthas ó 30 ceann dár bpríomhchustaiméirí. Ba iad seo a leanas na réimsí a ndearnadh suirbhé orthu: sábháilteacht, nuálaíocht, cost-éifeachtúlacht airgeadais, soláthar seirbhísí, agus bainistíocht caidrimh chustaiméirí. Is cleachtadh luachmhar don IAA atá sa suirbhé agus cabhraíonn sé linn tuiscint a ghnóthú ar riachtanais ár gcustaiméirí agus ar an dóigh ar féidir linn ár seirbhísí a fheabhsú.

Príomhchustaiméirí ó thaobh Ioncaim de sa bhliain 2015

2015 Áit	Custaiméir Aerlíne	2015 Sciar
1	IAG (British Airways & Aer Lingus)	18.0%
2	United Airlines	8.4%
3	Delta	8.1%
4	Ryanair	7.4%
5	Air France/KLM	7.2%
6	American Airlines / US Airways	7.1%
7	Lufthansa	5.0%
8	Virgin Atlantic	4.4%
9	Air Canada / AC Rouge	4.1%
10	Swiss	1.5%
11	Thomson Airways	1.5%
12	Emirates	1.2%
13	Thomas Cook	1.2%
14	Turkish Airlines	1.1%
15	Air Transat	1.1%
16	Stobart Air	1.0%
17	Alitalia	0.9%
18	Federal Express	0.9%
19	Air Berlin	0.8%
20	Qatar Airways	0.7%
	Iomlán	81.6%

Is as an 20 príomhchustaiméir atá aige a thagann níos mó ná 81% den ioncam a ghineann an IAA as seirbhísí aerloingseoireachta. Mar thoradh ar Aer Lingus a bheith ceannaithe ag IAG, tá an t-ioncam comhcheangailte de chuid British Airways agus Aer Lingus freagrach anois as 18% don ioncam a fhaigheann an IAA ó sheirbhísí aerloingseoireachta.

Athbhreithniú Airgeadais

Buaicphointí

Láimhdeachas	€183.4m
Brabús oibriúcháin	€33.6m
Brabús tar éis cánach	€24.8m
Caiteachas caipitil	€13.8m
Díbhinn atá molta	€7.4m

Bhí ár bhfeidhmíocht airgeadais an-láidir sa bhliain 2015. Mhéadaigh láimhdeachas faoi 3.3% go €183.4 milliún, agus é faoi réir feabhsuithe i leibhéil trách ta ar fud gach réimse den ghnó. Mhéadaigh brabús oibriúcháin (roimh mhíreanna eisceachtúla) faoi 13.2% go €33.6 milliún.

Ar aon dul le blianta roimhe seo, tá áthas orm a dheimhniú gur mhol an bord stiúrthóirí go n-íocfaí díbhinn €7.4 milliún.

Láimhdeachas

I gcás traseitiltí faoi bhealach – is iad sin, eitiltí nach dtagann, den chuid is mó, chun talún in Éirinn – bhí siad freagrach as €116.4 milliún (63.5%) den ioncam iomlán. B'ionann é sin agus méadú 3.9% ar an bhfigiúr don bhliain 2014. I gcás seirbhísí loingseoireachta críochfoirt – is iad sin, seirbhísí druidime, tuirlingthe agus éirí de thalamh a chuirtear ar fáil ag príomh-aerfoirt an Stáit i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i Sionainn – bhí siad freagrach as €21.4 milliún, nó 11.7%, den ioncam iomlán. I gcás North Atlantic Communications – trína soláthraíonn an IAA seirbhís guthchumarsáide amach chuig leath bealaigh trasna an Atlantaigh Thuaidh – bhí sé

freagrach as €20.0 milliún, nó 10.9%, den ioncam iomlán. B'ionann é sin agus méadú 8.2% ar an bhfigiúr don bhliain 2014. I gcás ioncaim ó Rialáil Sábháilteachta – a bhaineann le clárú agus le deimhniú a dhéanamh ar aerárthaí, ar phearsanra aerárthaí, ar eagraíochtaí a oibríonn agus a chothabhálann aerárthaí agus ar eagraíochtaí aeradróm bhí sé freagrach as €20.2 milliún, nó 11.0%, den láimhdeachas iomlán. Bhí an t-ioncam tráchtála €3.7 milliún comhdhéanta go príomha de sheirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta a cuireadh ar fáil do Entry Point North Ireland Limited.

Ní fhaigheann an IAA aon chistiú oibriúcháin ná aon chistiú caipitil ón Stát. Tagann ioncam an IAA as táillí, atá ar na cinn is ísle san Eoraip, a ghearrann sé ar a chliaint rialála agus ar a chustaiméirí aerlíne i leith na ngníomhaíochtaí rialála agus oibriúcháin a dtugann sé fúthu.

Speansais Oibriúcháin

Mhéadaigh speansais oibriúcháin faoi 1.4% go €149.8 milliún. Chomhlíonamar na spriocanna costais don bhliain 2015 atá leagtha amach i bplean feidhmíochta an Bhloic Feidhme Aerspáis don tréimhse 2015 go 2019, plean ar cheadaigh an AE é.

Clár Comhardaithe

Le linn na bliana, mhéadaíomar ár n-infheistíocht in Aireon LLC go scairsheilbh 3.75% den chuideachta. Tá luach US$ 18.4 milliún ar an scairsheilbh sin anois. Táimid tiomanta dár scairsheilbh a mhéadú go 6% faoin mbliain 2017. Ar áireamh i ndliteanais atá oibleagáidí sochar scoir ar fiú €125.5 milliún iad. Is ionann é sin agus feabhas €26.9 milliún ar an bhfigiúr don bhliain seo caite. Mhéadaigh sócmhainní plean ó €451.5 milliún go €470.3 milliún. Tháinig feabhas €8.6 milliún ar dhliteanais, agus iad ag laghdú go €594.3 milliún, go príomha mar gheall ar fheabhas san fhachtóir lascainithe a úsáidtear chun dliteanais a luacháil. Is dúnta do bhaill nua ón 1 Eanáir 2012 atá an phríomhscéim sochair shainithe, ina bhfuil teidlíochtaí pinsin fabhraithe ag formhór na bhfostaithe. Is baill de scéim hibrideach pinsean iad daoine a tháinig isteach san IAA ón dáta sin i leith. Leanfaimid ar aghaidh le dlúthfhaireachán a dhéanamh ar ár scéimeanna pinsean, agus é mar aidhm againn deireadh a chur leis an easnamh pinsin a luaithe is féidir. Mar gheall ar na margaí deacra domhanda atá i réim, tá na dálaí sa mhórgheilleagar fadhbach le haghaidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach scéimeanna sochair shainithe i gcoitinne.

Eile

Deimhniú ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO

Tá an IAA ar an gcéad soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta san Eoraip, agus ar cheann de na chéad chuideachtaí in Éirinn, a bhain deimhniú ISO 9001:2015 amach dá chórais bhainistíochta cáilíochta. Tá caighdeáin ISO ar na caighdeáin is mó aithint ar domhan.

Acmhainní Daonna

Rinneadh comhaontú comhchoiteann suntasach cúig bliana a shíniú leis an gceardchumann IMPACT, rud lena gcuimsítear an tréimhse idir 2015 agus 2019. Leagtar amach sa Chomhaontú téarmaí agus coinníollacha athbhreithnithe fostaíochta le haghaidh iontrálaithe nua chuig na gráid seo a leanas: rialtóir aerthrácht, oifigeach raidió, cigire aeracmhainneachta agus cigire oibríochtaí eitilte. Tá tréimhse an chomhaontaithe ag teacht leis an tréimhse rialála eacnamaíche reatha idir 2015 agus 2019 faoi reachtaíocht an Aerspáis Eorpaigh Aonair. Déantar foráil sa Chomhaontú freisin do mhéadú bliantúil pá 1.5% i leith na mblianta 2016 go 2019, agus an dá bhliain sin san áireamh.

Thángthas ar chomhaontú le hionadaithe foirne ar Bhord nua um Réiteach Díospóidí Inmheánacha (IDRB) a bhunú. Tá an Bord sin comhdhéanta de thriúr cleachtóirí sinsearacha neamhspleácha caidrimh thionsclaíoch agus déanfaidh sé bainistiú ar dhíospóidí de chineál comhchoiteann laistigh den IAA. Beidh na torthaí ón IDRB ceangailteach ar gach páirtí.

Tá ár bPlean Aisghabhála Pinsin, a comhaontaíodh le hionadaithe foirne sa bhliain 2010, fós faoi

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH (AR LEAN)

réir torthaí ísle ar bhannaí, rátaí ísle úis agus luaineachta sa mhargadh cothromais. Is é an aidhm atá leis an bplean deireadh a chur leis an easnamh sa phríomhphlean pinsean sochair shainithe faoin mbliain 2018. Tá roinnt beart i gceist leis, go háirithe uasteorainn a chur ar mhéaduithe pá inphinsin atá bunaithe ar bhoilsciú i bpraghsanna do thomhaltóirí, faoi réir uasmhéid 3%, agus uasteorainn a chur ar ranníocaíochtaí breise pinsin. Mar gheall ar an luaineacht atá i réim sa mhargadh faoi láthair, is féidir gur gá dul i dteagmháil le comhlachtaí ionadaíochta foirne níos luaithe ná sin mura féidir freastal ar an gcaighdeán cistiúcháin.

Rinneadh beartas sceithireachta a fhorbairt agus a chomhaontú leis an bhfoireann mar cheanglas faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Ina theannta sin, rinneadh beartas athbhreithnithe um Meas agus Dínit san Áit Oibre a chomhaontú le hionadaithe foirne. Leanadh ar aghaidh le cúrsaí oiliúna agus forbartha a sholáthar do bhainisteoirí agus do bhaill foirne sa bhliain 2015. Reáchtáladh roinnt clár feasachta ar mheabhairshláinte freisin. Beidh réimse na folláine meabhairshláinte mar thosaíocht dúinn go fóill sa bhliain 2016.

Dúshláin sa bhliain 2016

Áireofar iad seo a leanas leis na príomhdhúshláin a bheidh romhainn sa bhliain 2016:

- Ardchaighdeáin sábháilteachta a choinneáil ar bun i measc na ngeallsealbhóirí uile sa tionscal;
- Seirbhís atá sábháilte, éifeachtúil agus cost-éifeachtúil a sholáthar dár gcustaiméirí ach leas a bhaint as an teicneolaíocht is nua-aimseartha atá ar fáil;
- Na spriocanna feidhmíochta atá leagtha síos ag an AE mar chuid den Aerspás Eorpach Aonair a chomhlíonadh;
- Na hardchaighdeáin faireacháin ar chomhlíonadh slándála eitlíochta a choinneáil ar bun;
- Páirt a ghlacadh i gceapadh bheartas rialála na hEorpa agus tionchar a imirt ar an mbeartas, nuair is cuí;
- Tuilleadh comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a fhorbairt.

Buíochas

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le Anne Nolan, an Cathaoirleach, agus leis na comhaltaí eile den bhord as ucht a dtacaíochta le linn na bliana.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uas. Graham Doyle, Ard-Rúnaí, leis an Uas. Tom O'Mahony, an tArd-Rúnaí roimhe, leis an Uas. Fintan Towey, Rúnaí Cúnta, agus leis an Uas. John Fearon, an Rúnaí Cúnta Roimhe, agus lena gcomhghleacaithe sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, as an tacaíocht agus as an gcúnamh a thug siad le linn na bliana.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann bhainistíochta agus leis an bhfoireann ar fad as a n-obair dhícheallach agus as a ngairmiúlacht. Ní bheimis in ann ár gcuid éachtaí a bhaint amach gan iad. Cinntíonn a gcuid oibre go leanann an IAA ar aghaidh leis na caighdeáin is airde a bhaint amach i ngach gné dá ghnó.

Ní neart le chur le cheile agus go mbeire muid beo ar an am seo aris.

Is mise,

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

RÁITIS AIRGEADAIS



TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta Údarás Eitlíochta na hÉireann ("an IAA") i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015.

Príomhghníomhaíochtaí, rioscaí agus neamhchinnteachtaí, torthaí airgeadais agus díbhinní

Tá an IAA tiomanta do sheirbhísí aerloingseoireachta agus rialála atá sábháilte, éifeachtach agus cost-éifeachtúil agus a chomhlíonann riachtanais a chustaiméirí a sholáthar ar bhonn tráchtála fónta.

Tá sonraí faoi thorthaí airgeadais an IAA don bhliain leagtha amach sa chuntas brabúis agus caillteanais ar leathanach 31 agus sna nótaí gaolmhara.

Tá an fhaisnéis a éilítear in Alt 327 d'Acht na gCuideachtaí 2014 – athbhreithniú ar ghnó na cuideachta – ar áireamh i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh. Mar atá tuairiscithe ansin, bhí feidhmíocht an IAA sa bhliain reatha dearfach arís eile. Bhain sé brabús €24.8 milliún amach ó láimhdeachas €183.4 milliún don bhliain airgeadais.

Le linn na bliana, d'fhógair an IAA díbhinn deiridh €6.5 milliún (€0.37 sa scair) le haghaidh na bliana fioscaí 2014 (2014: €4.8 milliún - €0.27 sa scair) agus d'íoc sé an díbhinn ina dhiaidh sin.

Níl na stiúrthóirí ag coinne le haon athrú suntasach ar a ngnó go ceann i bhfad.

Agus faireachán á dhéanamh acu ar fheidhmíocht an IAA, tá aird ag na stiúrthóirí agus ag an lucht bainistíochta ar raon príomhtháscairí feidhmíochta, mar atá leagtha amach i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh. Is iad seo a leanas na táscairí is suntasaí díobh:

Príomhtháscairí feidhmíochta	2015	2014
	Number	Number
Traseitiltí faoi bhealach	**317,739**	301,326
Trácht críochfoirt tráchtála	**228,084**	215,171
North Atlantic Communications	**442,645**	420,423

Tá fís an IAA bunaithe ar shé eochair-réimse toraidh a bhrúnn a chuspóirí chun cinn ina obair laethúil. Is iad na réimsí toraidh sin: rialáil sábháilteachta, sábháilteacht bainistíochta aerthrácht, slándáil, sármhaitheas seirbhíse, airgeadas, agus caidreamh le geallsealbhóirí. Áirítear iad seo a leanas leis na príomhrioscaí agus leis na príomh-neamhchinnteachtaí atá ag bagairt ar fhorbairt an IAA amach anseo:

- caighdeáin sábháilteachta a choinneáil ar bun agus a fheabhsú
- rialacháin an Aerspáis Eorpaigh Aonair a chomhlíonadh agus ardchaighdeáin seirbhíse a choinneáil ar bun ag an am céanna.
- drochdhálaí geilleagracha agus margaidh
- mórspleáchas an IAA ar a bhonneagar TF agus cumarsáide.

Tá raon straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus le rioscaí eile atá os comhair an IAA. Sa rannán rialachais chorparáidigh de thuarascáil na stiúrthóirí, ar leathanaigh 21 go 26, leagtar amach beartais an IAA agus a chur chuige maidir le rioscaí, mar aon le nósanna imeachta agus freagrachtaí a bhaineann le rialú inmheánach.

Stiúrthóirí

Tá ainm na stiúrthóirí a d'fhóin ar an mbord le linn na bliana leagtha amach ar leathanach 2. Ach amháin sna cásanna atá leagtha amach thíos, d'fhóin siad ar feadh na bliana ar fad. Athcheapadh an tUas. Geoffrey O'Byrne-White chuig an mbord an 23 Aibreán 2015. Chuaigh téarma oifige an Uas. Eamonn Brennan in éag agus athcheapadh é chuig an mbord an 8 Meán Fómhair 2015. Chuaigh téarma oifige an Uas. Michael Norton in éag agus athcheapadh é chuig an mbord an 6 Deireadh Fómhair 2015.

Leasanna na stiúrthóirí agus an rúnaí

Na stiúrthóirí agus an rúnaí a bhí i seilbh oifige ag an 31 Nollaig 2015, ní raibh aon leasanna i scaireanna an IAA acu i dtosach na bliana, ag an dáta ar ceapadh iad (má cheapadh iad ina dhiaidh sin) ná ag deireadh na bliana. Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann stiúrthóirí an IAA. Beidh siad i seilbh oifige ar feadh cibé téarma a shonróidh an tAire agus an ceapachán á dhéanamh aige. Beidh siad i seilbh oifige ar feadh tréimhse nach mó ná ceithre bliana, ach amháin sa chás go ndéanfaidh an tAire iad a athcheapadh ina dhiaidh sin.

Rialachas corparáideach

Tá na stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil. Cloíonn an IAA leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Achoimríonn na nithe seo a leanas an cur chuige a ghlacann an IAA i leith rialachas corparáideach.

Prionsabail an dea-rialachais chorparáidigh

Maidir le dea-rialachas corparáideach, tá na stiúrthóirí cuntasach do scairshealbhóirí an IAA, don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuirtear síos sa tuarascáil seo ar an dóigh a gcuirtear prionsabail iomchuí an dea-rialachais chorparáidigh i bhfeidhm, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

An Bord

Tá an bord comhdhéanta d'ochtar stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus de stiúrthóir feidhmiúcháin amháin ar cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad. Beidh na stiúrthóirí i seilbh oifige ar feadh cibé téarma a shonróidh an tAire agus an ceapachán á dhéanamh aige. Beidh siad i seilbh oifige ar feadh tréimhse nach mó ná ceithre bliana, ach amháin sa chás go ndéanfaidh an tAire iad a athcheapadh ina dhiaidh sin. Rinne an bord breithniú ar stiúrthóir aonair a ainmniú mar stiúrthóir neamhspleách sinsearach. Ag féachaint don dóigh a gceaptar stiúrthóirí, áfach, tháinig sé ar an tuairim nach cuí déanamh amhlaidh.

Tá an bord freagrach as an IAA a bhainistiú i gceart. Déanann sé na mórchinntí straitéiseacha agus coinníonn sé rialú iomlán éifeachtach. Ag an am céanna, tugann sé dóthain solúbthachta don phríomhfheidhmeannach agus dá fhoireann bhainistíochta sinsearaí chun an gnó a reáchtáil ar bhealach éifeachtúil éifeachtach laistigh de chreat láraithe tuairiscithe.

Chuir an bord míreanna áirithe ar leataobh dá athbhreithniú, lena n-áirítear na míreanna seo a leanas: sábháilteacht; na ráitis airgeadais bhliantúla a fhormheas; buiséid; an plean corparáideach; cuntais bhainistíochta; mórchonarthaí; mórchaiteachas caipitil; agus bainisteoirí sinsearacha a cheapadh.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

Prionsabail an dea-rialachais chorparáidigh (ar lean)

An Bord (ar lean)

A luaithe a cheaptar iad, glacann gach stiúrthóir nua páirt i gcúrsa ionduchtúcháin, áit a bhfaigheann siad faisnéis airgeadais agus faisnéis eile faoin IAA agus faoin ról atá ag an mbord agus ag coistí boird. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas sin de ghnáth ná cruinnithe le príomhfheidhmeannaigh shinsearacha.

Le linn na tréimhse a chaitheann siad san oifig, soláthraítear do na stiúrthóirí faisnéis rialta faoi gach gné den ghnó. Scaiptear tuarascálacha agus páipéir go tráthúil ar an mbord agus ar a chuid coistí.

Tionóltar cruinnithe rialta an bhoird le linn na bliana. Thionóil an bord seacht gcruinniú sa bhliain 2015. Freastalaíodh ar na cruinnithe sin mar seo a leanas:

	Dáta Ceapacháint (*nó Dáta Athcheapacháin)	Cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu	Uaslíon na gcruinnithe boird a raibh an stiúrthóir in ann freastal orthu
Anne Nolan, *Cathaoirleach*	an 13 Meitheamh 2014	7	7
Eamonn Brennan, *Príomhfheidhmeannach*	an 8 Meán Fómhair 2015*	7	7
Marie Bradley	an 13 Meitheamh 2014	7	7
Ernie Donnelly	an 24 Bealtaine 2012	7	7
Pascal Fitzgerald	an 1 Lúnasa 2014	4	7
Basil Geoghegan	an 20 Bealtaine 2013	7	7
Michael Norton	an 6 Deireadh Fómhair 2015*	6	7
Geoffrey O'Byrne-White	an 23 Aibreán 2015*	3	4
Kevin O'Driscoll	an 16 Meán Fómhair 2013	6	7

Tá rochtain ag comhaltaí den bhord ar chomhairle agus ar sheirbhísí rúnaí na cuideachta, atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an bhoird agus go gcloítear le rialacha agus le rialacháin is infheidhme.Tá comhairleoirí gairmiúla an IAA ar fáil le haghaidh comhairle a chur ar na stiúrthóirí, de réir mar is gá. Féadfaidh stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil, más gá, ar chostas an IAA.

Stiúrann an cathaoirleach an bord maidir lena straitéis a chinneadh agus lena chuspóirí a bhaint amach. Cinneann an cathaoirleach clár oibre an bhoird, rud a chinntíonn a éifeachtacht, agus éascaíonn sé an rannchuidiú éifeachtach ó gach stiúrthóir. Baintear leas as scileanna, as saineolas agus as taithí ar leith an bhoird trí na tacair scileanna sin a mheaitseáil le breithniú an bhoird ar shaincheisteanna straitéiseacha agus oibriúcháin, mar a gcuireann comhaltaí aonair den bhord a n-inniúlachtaí ar leith ar fáil. Déantar iad a mheaitseáil freisin le ceanglais gach coiste boird agus leis na comhaltaí de na coistí sin a chinneadh. Coinníonn an cathaoirleach agus an lucht bainistíochta cumarsáid éifeachtach ar bun le scairshealbhóirí. Is ar leithligh ó chéile atá ról an chathaoirligh agus ról an phríomhfheidhmeannaigh.

An Bord (ar lean)

Thug an bord faoi mheastóireacht deireadh bliana ar a fheidhmíocht, rud a thomhais sé de réir a chuspóirí straitéiseacha. Le linn na meastóireachta sin, breithníodh a chuid éachtaí agus sainaithníodh réimsí ina bhféadfadh an bord a obair pleanála nó a nósanna imeachta a fheabhsú. Sainaithníodh riachtanais oiliúna lena linn freisin. Baineann an bord úsáid as próiseas den chineál céanna gach bliain chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht a choistí. Rinne an bord breithniú ar phróiseas níos foirmiúla a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar stiúrthóirí aonair, lena n-áirítear éascaitheoir seachtrach a cheapadh. Mar gheall ar an dóigh a gceaptar stiúrthóirí, áfach, tháinig sé an tuairim nach mbeadh sé cuí meastóireacht den sórt sin a dhéanamh ag an am seo.

Tá na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin go léir neamhspleách ar an lucht bainistíochta. Bhí luach saothair an stiúrthóra feidhmiúcháin, a bhfuil conradh seirbhíse aige, ceadaithe ag an gCoiste Pearsanra, Ceapachán agus Luach Saothair. Bhí cuid den luach saothair sin feidhmíochtbhunaithe agus, ar an mbealach sin, bhí sí bainteach le cuspóirí an IAA agus le cuspóirí an duine a bhí i gceist. Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chinneann táillí na stiúrthóirí. Is ionann an fhaisnéis faoi luach saothair agus faoi fhaisnéis pinsin na stiúrthóirí atá nochta sna ráitis airgeadais seo agus faisnéis nach mór a nochtadh faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Úsáideann an bord ceithre choiste chun cabhrú leis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach, is iad sin:

1. An coiste iniúchóireachta
2. An coiste airgeadais
3. An coiste pearsanra, ceapachán agus luach saothair
4. An coiste pleanála infheistíochta

An coiste iniúchóireachta

Oibríonn an coiste iniúchóireachta faoi théarmaí tagartha foirmiúla, a ndearnadh athbhreithniú orthu le linn na bliana. Thionóil an coiste trí chruinniú le linn na bliana 2015. Is iad seo a leanas na comhaltaí den choiste agus líon na gcruinnithe ar fhreastail siad orthu:

Comhaltaí	Cruinnithe ar fhreastail an comhalta orthu	Cruinnithe a raibh an comhalta in ann freastal orthu
Marie Bradley, *Cathaoirleach*	3	3
Pascal Fitzgerald	-	3
Geoffrey O'Byrne-White	2	3
Kevin O'Driscoll	1	1

Féadfaidh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhair eile a bhaineann le gnóthaí an IAA, seachas ábhair shábháilteachta atá teoranta don bhord. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, ar thuarascálacha an iniúchóra inmheánaigh, ar na beartais chuntasaíochta, ar athruithe beartaithe ar na beartais chuntasaíochta, ar chomhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta, ar na himpleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra agus ar cheapadh agus ar tháillí an iniúchóra sheachtraigh.

Déanann sé athbhreithniú ar straitéis bhainistíochta riosca agus ar phróisis rialaithe an IAA. Déanann sé breithniú ar na nithe seo a leanas freisin:

- acmhainní agus comhordú na ndaoine sin a bhfuil baint acu le sainaithint, le measúnacht agus le bainistiú ar na rioscaí suntasacha atá roimh an IAA
- an dóigh a ndéileáiltear leis na rioscaí suntasacha arna sainaithint ag an lucht bainistíochta agus ag daoine eile
- faireachán a dhéanamh ar thuarascálacha ón lucht bainistíochta

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

Prionsabail an dea-rialachais chorparáidigh (ar lean)

Coiste iniúchóireachta (ar lean)

- timpeallacht rialaithe atá dírithe ar rioscaí a bhainistiú i gceart a choinneáil ar bun
- nósanna imeachta bliantúla tuairiscithe.

Buaileann an t-iniúchóir seachtrach leis an gcoiste chun iniúchadh bliantúil ráitis airgeadais an IAA a phleanáil agus ansin chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta sin. Déanann an coiste iniúchóireachta breithniú ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha ar bhonn bliantúil agus tá beartas glactha aige a rialaíonn soláthar seirbhísí neamhiniúchta a chuireann an t-iniúchóir seachtrach ar fáil. Tuairiscíonn an t-iniúchóir inmheánach go díreach don choiste iniúchóireachta.

De ghnáth, bíonn an príomhfheidhmeannach, an stiúrthóir airgeadais, ceann an iniúchóireachta inmheánaí, chomh maith le hionadaithe ó oibríochtaí, ó theicneolaíocht na faisnéise, ó árachas, ón athbhreithniú sláinte agus sábháilteachta agus ón lucht dlí agus comhlíonta, trí chuireadh de réir mar is cuí, i láthair ag na cruinnithe Tuairiscíonn an coiste iniúchóireachta don bhord ar bhonn ráithiúil de ghnáth, nó ar bhonn níos minice nuair a bhíonn gá leis.

Tuairiscíonn an coiste iniúchóireachta don bhord ar bhonn ráithiúil de ghnáth, nó ar bhonn níos minice nuair a bhíonn gá leis.

Le linn na bliana 2015, rinne an coiste iniúchóireachta athbhreithniú ar na nithe seo a leanas:

- clár riosca chorparáidigh 2015-2016, lena n-áirítear na príomhrioscaí roimh an ngnó agus breithniú a dhéanamh ar leorgacht an chórais um shainaithint agus measúnacht riosca
- éifeachtacht na rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca
- plean iniúchóireachta inmheánaí don bhliain 2015 agus tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí
- tuarascáil ón iniúchóir seachtrach maidir lena iniúchadh ar na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 agus táillí iniúchta agus táillí neamhiniúchta iníoctha leis an iniúchóir seachtrach (an bord iomlán)
- plean iniúchóireachtaí seachtraí don bhliain 2015, lena n-áirítear raon an iniúchta
- an tionchar a bhí ag tiontú na ráiteas airgeadais don bhliain 2014 go FRS 102
- comhlíonadh rialachais chorparáidigh
- a théarmaí tagartha féin

An Coiste Airgeadais

Oibríonn an coiste airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile uair amháin sa bhliain. Is iad seo a leanas na comhaltaí den choiste agus líon na gcruinnithe ar fhreastail siad orthu:

Comhaltaí	Cruinnithe ar fhreastail an comhalta orthu	Cruinnithe a raibh an comhalta in ann freastal orthu
Basil Geoghegan, *Cathaoirleach*	1	1
Eamonn Brennan	1	1
Anne Nolan	1	1

Féadfaidh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann le bainistíocht airgeadais an IAA. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitil agus oibriúcháin, ar an mbeartas ciste, agus ar shocruithe árachais, bancála agus airgeadais.

An coiste pearsanra, ceapachán agus luach saothair

Oibríonn an coiste pearsanra, ceapachán agus luacha saothair faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile ar dhá ócáid le linn na bliana. Is iad seo a leanas na comhaltaí den choiste agus líon na gcruinnithe ar fhreastail siad orthu:

Comhaltaí	Cruinnithe ar fhreastail an comhalta orthu	Cruinnithe a raibh an comhalta in ann freastal orthu
Anne Nolan, *Cathaoirleach*	2	2
Basil Geoghegan	2	2
Geoffrey O'Byrne-White	-	1

Déanann an coiste luach saothair an lucht bainistíochta sinsearaí a chinneadh agus a fhaomhadh tar éis dó dul i gcomhairle le comhairleoir pá neamhspleách nach raibh aon bhaint eile aige leis an IAA. Formheasann an coiste ceapacháin don lucht bainistíochta sinsearaí freisin. Tá sonraí ar tháillí agus ar luach saothair na stiúrthóirí leagtha amach i nóta 6 de na ráitis airgeadais i gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

An Coiste pleanála infheistíochta

Oibríonn an coiste pleanála infheistíochta faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile ar dhá ócáid le linn na bliana. Is iad seo a leanas na comhaltaí den choiste agus líon na gcruinnithe ar fhreastail siad orthu:

Comhaltaí	Cruinnithe ar fhreastail an comhalta orthu	Cruinnithe a raibh an comhalta in ann freastal orthu
Michael Norton, *Cathaoirleach*	2	2
Marie Bradley	1	1
Ernie Donnelly	2	2
Kevin O'Driscoll	1	1

Breithníonn an coiste straitéis an IAA maidir le hinfheistíocht chaipitil agus le caiteachas gaolmhar.

Rialú inmheánach

Tá freagracht deiridh ar an mbord as córas rialaithe inmheánaigh an IAA agus as faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais sin. Mar sin féin, tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun déileáil leis an riosca go dteipfidh ar an ngnó a chuspóirí a bhaint amach, seachas chun deireadh a chur leis an riosca sin, agus ní féidir leis ach dearbhú réasúnta agus ní deimhniú leithliseach a thabhairt i leith ráiteas nó caillteanas ábhartha.

Tá próiseas leanúnach i bhfeidhm chun sainaithint, meastóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha atá roimh an IAA. Tá an próiseas sin ar aon dul le Cód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe don bhliain 2014 agus le "Guidance on Risk Management, Internal Control and Related Financial and Business Reporting" ón gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, agus déanann an bord athbhreithniú rialta air. Bhí an próiseas i bhfeidhm sa bhliain faoi athbhreithniú agus suas chuig dáta faofa na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais.

Rinne an bord athbhreithniú agus nuashonrú ar an bpróiseas chun sainaithint agus meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar an ngnó agus ar na beartais agus ar na nósanna imeachta a úsáidtear chun na rioscaí sin a bhainistiú. Tá an lucht bainistíochta freagrach as sainaithint agus meastóireacht a dhéanamh ar mhór-rioscaí gnó agus as rialuithe inmheánacha cuí a cheapadh agus a fheidhmiú. Déantar measúnacht ar na rioscaí sin ar bhonn rialta agus d'fhéadfadh go mbeidís bainteach le roinnt foinsí éagsúla inmheánacha nó seachtracha, agus iad seo a leanas ar áireamh: cliseadh rialaithe, fadhbanna sna córais faisnéise, iomaíocht, catastrófa nádúrtha agus ceanglais rialála.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

Prionsabail an dea-rialachais chorparáidigh (ar lean)

Rialú inmheánach (ar lean)

Tá próiseas athbhreithnithe agus ceardlann ar rioscaí corparáideacha ar bun, rud lena ngabhann rian cuntasachta atá doiciméadaithe agus in-inúchta. Baineann na nósanna imeachta sin leis na hoibríochtaí uile san IAA agus fágann siad gur féidir dearbhuithe leantacha a thabhairt do leibhéil níos airde den lucht bainistíochta agus, ar deireadh, don bhord. Tá an próiseas sin á éascú ag iniúchadh inmheánach, rud a thugann méid dearbhaithe maidir le hoibríocht agus le bailíocht an chórais rialaithe inmheánaigh freisin. Déantar faireachán neamhspleách ar aon ghníomhartha ceartaitheacha atá beartaithe ionas gur féidir iad a chur i gcrích ar bhealach tráthúil.

Tuairiscíonn an lucht bainistíochta go rialta don choiste iniúchóireachta ar an athbhreithniú a dhéanann sé ar rioscaí móra agus ar an dóigh a ndéileáiltear leis na rioscaí sin. Is é ról an choiste athbhreithniú a dhéanamh, thar ceann an bhoird, ar na príomhrioscaí, nach rioscaí sábháilteachta iad, atá ina gcuid dhílis den ghnó agus ar an gcóras rialaithe a theastaíonn chun rioscaí den sórt sin a bhainistiú agus a dtorthaí a chur faoi bhráid an bhoird ansin.

Déanann an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí athbhreithniú neamhspleách ar na nósanna imeachta chun rioscaí a shainaithint agus ar na próisis rialaithe a chuireann an lucht bainistíochta i bhfeidhm, agus tuairiscíonn sí don choiste iniúchóireachta ar bhonn ráithiúil. Déanann an coiste iniúchóireachta athbhreithniú ar na nósanna imeachta dearbhaithe chun a chinntiú go n-úsáidfear meascán cuí de theicnící chun an leibhéal dearbhaithe a éilíonn an bord a bhaint amach. Tugann an coiste iniúchóireachta a thorthaí don bhor ar bhonn ráithiúil nó ar bhonn níos minice nuair a bhíonn gá leis.

Tuairiscíonn an príomhfheidhmeannach don bhord freisin, thar ceann an lucht bainistíochta, ar aon athruithe móra sa ghnó agus sa timpeallacht a mbíonn rioscaí móra ag gabháil leo. Tugann an stiúrthóir airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil don bhord. Nuair a shainaithnítear réimsí le haghaidh feabhsuithe sa chóras rialaithe inmheánaigh, breithníonn an bord na moltaí a dhéanann an lucht bainistíochta agus an coiste iniúchóireachta ina leith.

Ina theannta sin, cuimsíonn córas rialaithe airgeadais inmheánaigh an IAA na rialuithe sin a cuireadh ar bun chun dearbhú réasúnta a thabhairt ar shócmhainní a chosaint in aghaidh úsáid nó caitheamh neamhúdaraithe agus ar chuntais chuntasaíochta chearta agus ar fhaisnéis airgeadais iontaofa a choinneáil lena n-úsáid laistigh den ghnó nó lena bhfoilsiú.

Rinne an bord athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, a chlúdaíonn rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca. Tá creat rialaithe láidir i bhfeidhm ag an IAA, rud a chuimsíonn na nithe seo a leanas:

- cód eitice, arna fhaomhadh ag an mbord, ina soláthraítear treoir phraiticiúil don fhoireann ar fad
- struchtúr eagraíochta atá sainithe go soiléir agus lena ngabhann leithscaradh cuí dualgas agus teorainneacha cuí údaráis
- teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir maidir le caiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitil
- córas cuimsitheach tuairiscithe airgeadais, cuntasaíochta, bainistíochta ciste agus breithmheasa tionscadail
- córais chuimsitheacha bhuiséadaithe lena ngabhann buiséid bhliantúla arna

bhfaomhadh ag an mbord
- faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcoinne buiséad, agus an fheidhmíocht sin a thuairisciú don bhord ar bhonn míosúil
- feidhm iniúchóireachta inmheánaí a dhéanann athbhreithniú ar na príomhchórais agus na príomhrialuithe airgeadais agus ar oibríochtaí ginearálta
- coiste iniúchóireachta a fhaomhann pleananna iniúchóireachta, a dhéileálann le ceisteanna tábhachtacha rialaithe arna n-ardú ag an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí nó seachtraí agus a mholann na ráitis airgeadais ag deireadh na bliana don bhord lena fhaomhadh
- beartais agus nósanna imeachta chun gníomhaíochtaí amhrasta calaoiseacha a thuairisciú agus a réiteach.

Gnóthas leantach

Tar éis dóibh fiosruithe a dhéanamh, creideann na stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní ag an IAA chun dul ar aghaidh don am atá le teacht agus go bhfuil sé cuí leanúint ar aghaidh le glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

Taifid chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí gur chomhlíon siad ceanglais Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 i leith taifid chuí chuntasaíochta a choimeád trí phearsanra cuntasaíochta a bhfuil saineolas cuí aige a fhostú agus trí dhóthain foinsí a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar taifid chuntasaíochta an IAA ag The Times Building, 11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

Íoc pras cuntas

Comhlíonann an IAA ceanglais na reachtaíochta um íoc pras cuntas. Cloíonn an IAA le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013 (I.R. Uimh. 580 de 2013) freisin.
Is iad téarmaí caighdeánacha creidmheasa an IAA, mura bhfuil a mhalairt sainithe i socruithe conartha ar leith, ná 30 lá ón sonrasc a fháil nó ó dhearbhú a fháil gur glacadh leis na hearraí nó leis na seirbhísí atá faoi réir íocaíochta. Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015, rinneadh a bheag nó a mhór gach íocaíocht laistigh den tréimhse chuí chreidmheasa. Déanann an IAA athbhreithniú leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin chun cabhrú le híoslaghdú a dhéanamh ar an am a thógtar le sonraisc a fhiosrú agus a réiteach. Tugann na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, in aghaidh neamh-chomhlíonadh ábhartha na rialachán.

Eachtraí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

An 21 Márta 2016, mhol an bord go n-íocfaí díbhinn €7.4 milliún (€0.42 in aghaidh na scaire) don bhliain 2015.

An tAcht Toghcháin, 1997

Ní dhearna an IAA aon síntiúis pholaitíochta le linn na bliana ná le linn na bliana roimhe sin.

Iniúchóir

Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, leanfaidh an t-iniúchóir, KPMG, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh in oifig.

Thar ceann an bhoird:

Anne Nolan
Cathaoirleach

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

21 Márta 2016

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ MAIDIR LE TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán is infheidhme.

Le dlí na gcuideachtaí, éilítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, roghnaigh siad na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102 - an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta agus ar a brabús nó caillteanas don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- a lua cé acu a cloíodh nó nár cloíodh le Caighdeáin Chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach bhfuil sé cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar staid airgeadais na Cuideachta ag am ar bith go measartha cruinn agus ina gcuirtear ar a gcumas a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais seo Acht na gCuideachtaí 2014. Tá freagracht ghinearálta orthu as aon bheart atá ar fáil go réasúnta dóibh a dhéanamh chun sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá na stiúrthóirí freagrach as caomhnú agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais a fholaítear ar shuíomh Gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith éagsúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an bhoird:

Anne Nolan
Cathaoirleach

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

21 Márta 2016

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH LE BAILL ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA HÉIREANN

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais ("ráitis airgeadais") Údarás Eitlíochta na hÉireann (an "IAA", an "Chuideachta") don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 a chuimsíonn an cuntas brabúis agus caillteanais, an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi athruithe i gcothromas, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas ná dlí na hÉireann agus FRS 102 - an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Tuairimí agus conclúidí a eascraíonn as ár n-iniúchadh

1 Is gan athrú atá ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais

Is é ár dtuairim:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a brabús don bhliain dar críoch an dáta sin;
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102 - an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart i gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

2 Is leagtha amach thíos atá ár gconclúidí faoi ábhair eile a éilítear orainn a thuairisciú le hAcht na gCuideachtaí 2014

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach d'aidhmeanna ár n-iniúchta faighte againn.

Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun a chinntiú go ndearnadh iniúchadh réidh cuí ar na ráitis airgeadais agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.

3 Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil le hábhair a éilítear orainn a thuairisciú trí eisceacht

Éilítear le ISAnna (an Ríocht Aontaithe agus Éire) go dtuairiscímid daoibh má tharlaíonn sé, bunaithe ar an eolas a ghnóthaíomar le linn ár n-iniúchta, gur shainaithníomar faisnéis sa tuarascáil bhliantúil a chuimsíonn neamhréireacht ábhartha leis an eolas sin nó leis na ráitis airgeadais, míráiteas ábhartha fíorais nó ní atá míthreorach ar shlí eile.

Faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (an "Cód"), tá dualgas orainn tuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a éilítear faoin gCód, mar atá ar áireamh i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 25 agus 26, gur chloígh an Chuideachta le mír 13.1(iii) den Chód nó mura bhfuil sé i gcomhréir leis an bhfaisnéis faoina bhfuilimid ar an eolas ónár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais. Tugaimid tuairisc sna cásanna sin.

Ina theannta sin, éilítear orainn le hAcht na gCuideachtaí 2014 tuairisciú daoibh má tharlaíonn sé, inár dtuairim, nach ndearnadh an nochtadh i leith luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí a éilítear le hAilt 305 go 312 den Acht.

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH LE BAILL ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA HÉIREANN (AR LEAN)

Mar a mhínítear níos mine sa ráiteas faoi fhreagrachtaí na stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 28, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith deimhin go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu agus go gcloíonn siad le hAcht na gCuideachtaí 2014 ar shlí eile. Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a chur in iúl orthu de réir dhlí na hÉireann agus de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaítear sna caighdeáin sin orainn na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais a chomhlíonadh.

Is éard atá i gceist le hiniúchadh a dhéantar de réir ISAnna (an Ríocht Aontaithe agus Éire) ná fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais a bheidh leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a sholáthar go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha cibé acu is calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis sin measúnacht ar na nithe seo a leanas: cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na Cuideachta agus cé acu a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm iad go seasta agus cé acu a nochtadh nó nár nochtadh iad go leordhóthanach; réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad i dtuarascáil na stiúrthóirí chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis is cosúil a bheith mícheart go hábhartha bunaithe ar an eolas a ghnóthaíomar agus an t-iniúchadh á dhéanamh nó atá neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an eolas sin a shainaithint. Má thagaimid ar an eolas faoi aon mhíráitis ábhartha dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha, breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil.

Cé go ndírítear in iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna (an Ríocht Aontaithe agus Éire) dearbhú réasúnta a chur ar fáil go sainaithneofar míráitis ábhartha nó easnaimh ábhartha, ní thugtar dearbhú go ndéanfaidh sé amhlaidh. Ina ionad sin, pleanálann an t-iniúchóir an t-iniúchadh le go bhfaighfear amach méid na tástála a theastaíonn chun an dóchúlacht nach mó comhiomlán na míráiteas neamhcheartaithe agus neamhbhraite ná ábharthacht le haghaidh na ráiteas airgeadais ina n-iomláine a laghdú go leibhéal sách íseal. Éilítear orainn sa tástáil sin obair shuntasach iniúchóireachta a dhéanamh ar raon leathan sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas agus tréimhse shuntasach ama na mball is mó taithí den fhoireann iniúchóireachta, go háirithe an comhpháirtí rannpháirtíochta atá freagrach as an iniúchadh, a leithdháileadh ar réimsí suibiachtúla den chuntasaíocht agus den tuairisciú.

Tá ár dtuarascáil déanta do bhaill na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár n-obair iniúchóireachta i dtreo is go bhféadfaimis a chur in iúl do bhaill na Cuideachta na hábhair a iarrtar orainn a shonrú dóibh i dtuarascáil an iniúchóra agus ní d'aon aidhm eile. Chomh hiomlán is atá ceadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht d'aon duine, seachas an Chuideachta agus baill na Cuideachta, mar chomhlacht as ár gcuid obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá bainte amach againn.

Emer McGrath
le haghaidh agus thar ceann
KPMG
Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
1 Plás an Stócaigh,
Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2, Éire
21 Márta 2016

CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

	Nótaí	2015 Iomlán €'000	2014 Roimh Mhír Eisceachtúil €'000	2014 Mír Eisceachtúil (Nóta 3) €'000	2014 Iomlán €'000
Láimhdeachas – gníomhaíochtaí leantacha	2	**183,404**	177,475	-	177,475
Costais oibriúcháin	1, 20	**(149,772)**	(147,764)	-	(147,764)
Creidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe	3	**-**	-	102,000	102,000
Brabús oibriúcháin – gníomhaíochtaí leantacha		**33,632**	29,711	102,000	131,711
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	4	**11,356**	17,259	-	17,259
Ús iníoctha agus táillí comhchosúla	5	**(13,636)**	(21,223)	-	(21,223)
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	6	**31,352**	25,747	102,000	127,747
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	7	**(6,587)**	(5,343)	(12,750)	(18,093)
Brabús don bhliain airgeadais		**24,765**	20,404	89,250	109,654

IONCAM CUIMSITHEACH EILE

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Brabús don bhliain airgeadais		**24,765**	109,654
Ioncam cuimsitheach eile			
Atomhas an ghlandliteanais sochair shainithe	20	**17,147**	(134,390)
(Dliteanas cánach iarchurtha gaolmhar)/sócmhainn chánach iarchurtha ghaolmhar	14	**(2,143)**	16,799
Airgead tirim de bhreis ar chostais seirbhíse pinsin	20	**13,398**	16,169
Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach eile don bhliain		**28,402**	(101,422)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		**53,167**	8,232

CLÁR COMHARDAITHE

AG AN 31 NOLLAIG 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	8	79,247	79,003
Sócmhainní airgeadais	9	14,573	11,933
		93,820	90,936
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	10	56,167	58,699
Taiscí gearrthéarmacha		25,536	7,001
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		120,310	119,237
		202,013	184,937
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	11	(24,563)	(31,088)
Glansócmhainní reatha		177,450	153,849
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		271,270	244,785
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	13	(15,107)	(8,321)
Soláthairtí do dhliteanais			
Oibleagáidí sochar scoir	20	(125,545)	(152,478)
Glansócmhainní		130,618	83,986
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	15	22,675	22,675
Cuntas brabúis agus caillteanais		107,943	61,311
Cistí na scairshealbhóirí – cothromas		130,618	83,986

Thar ceann an bhoird:

Anne Nolan
Cathaoirleach

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I GCOTHROMAS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

	Scair-chaipiteal glaoite €'000	Cuntas brabúis agus caillteanais €'000	Cothromas iomlán €'000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2014	22,675	57,912	80,587
Ioncam cuimsitheach:			
Brabús nó caillteanas don bhliain	-	109,654	109,654
Ioncam cuimsitheach eile	-	(101,422)	(101,422)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	-	8,232	8,232
Idirbhearta le scairshealbhóirí atá aitheanta go díreach i gcothromas:			
Díbhinní	-	(4,833)	(4,833)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2014	22,675	61,311	83,986
Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2015	22,675	61,311	83,986
Ioncam cuimsitheach:			
Brabús nó caillteanas don bhliain	-	24,765	24,765
Ioncam cuimsitheach eile	-	28,402	28,402
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	-	53,167	53,167
Idirbhearta le scairshealbhóirí atá aitheanta go díreach i gcothromas:			
Díbhinní	-	(6,535)	(6,535)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2015	**22,675**	**107,943**	**130,618**

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Brabús don bhliain airgeadais		24,765	109,654
Coigeartú le haghaidh:			
Creidmheasanna pinsin neamhairgid		-	(102,000)
Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe	8	14,010	14,929
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta		17	-
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	4	(11,356)	(17,259)
Ús iníoctha agus táillí comhchosúla	5	13,636	21,223
Cáin	7	6,587	18,093
		47,659	44,640
Méadú i bhféichiúnaithe		(2,021)	(3,753)
Méadú i gcreidiúnaithe		854	5,547
		46,492	46,434
Cáin a íocadh		(4,656)	(3,984)
Glanairgead ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		41,836	42,450
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Fáil sócmhainní seasta inláimhsithe		(13,815)	(7,436)
Fáil sócmhainní airgeadais	9	(2,640)	(11,194)
Infheistíochtaí i dtaiscí gearrthéarmacha		(18,535)	(7,001)
Ús a fuarthas		57	200
Glanairgead a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta		(34,933)	(25,431)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin			
Ús a íocadh		(245)	(289)
Díbhinní a íocadh	16	(6,535)	(4,833)
Glanairgead a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin		(6,780)	(5,122)
Glanmhéadú in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim		123	11,897
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 1 Eanáir		119,237	106,157
Tionchar ag luaineachtaí ráta malairte ar an airgead tirim á choimeád		950	1,183
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 31 Nollaig		120,310	119,237

NÓTAÍ

MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. Beartais chuntasaíochta

Cuideachta phríobháideach theoranta a bunaíodh faoin Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, ("an tAcht um IAA") agus atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014 is ea Údarás Eitlíochta na hÉireann ("IAA"). Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an IAA.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 - an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ("FRS 102") arna eisiúint i mí Lúnasa 2014. Is é Euro an t-airgeadra ina gcuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair. Slánaíodh gach suim sna ráitis airgeadais go dtí an €1,000 is gaire.

San aistriú chuig FRS 102 ón GAAP in Éirinn roimhe sin, rinne an IAA coigeartuithe tomhais, aitheantais agus ullmhúcháin. Tá míniú ar conas a chuaigh an t-aistriú chuig FRS 102 i bhfeidhm ar staid airgeadais agus ar fheidhmíocht airgeadais an IAA curtha ar fáil i nóta 23.

Mura sonraítear a mhalairt, cuireadh na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le gach tréimhse atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais.

Pléitear i nóta 21 breithiúnais a thug na stiúrthóirí agus cur i bhfeidhm á dhéanamh ar na beartais chuntasaíochta sin ag a bhfuil tionchar suntasach ar na ráitis airgeadais agus ar mheastacháin lena mbaineann riosca suntasach go ndéanfar coigeartú ábhartha orthu sa bhliain le teacht.

Gabháil treise ar an léargas fíorcheart

Tá Éire páirteach i gcomhaontú iltaobhach (EUROCONTROL) a bhaineann le bailiú táillí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach. Faoi Alt 47 den Acht um IAA, comhlíonann an IAA an fheidhm sin thar ceann an Stáit. Déantar difríocht idir ioncam agus costais a a thagann as riosca méide tráchta agus as comhroinnt riosca costais a aisghabháil ó úsáideoirí seirbhísí loingseoireachta faoi bhealach nó a aisíoc le húsáideoirí seirbhísí loingseoireachta faoi bhealach trí na táillí a leasú i mblianta níos déanaí.

Is i bprionsabail EUROCONTROL maidir le muirearú agus i Rialacháin an CE maidir le Muirearú a shainítear na costais atá le cur san áireamh de réir chomhaontú EUROCONTROL ar bhealach a chuimsíonn gach ceann de na híocaíochtaí airgid a rinneadh le cistí pinsin. Dá réir sin, chinn na Stiúrthóirí go bhfuil sé cuí gach íocaíocht airgid a dhéantar le ciste pinsin an IAA a chuimsiú i gcostais oibriúcháin a mhéad a sháraíonn siad an táille phinsin a chinntear de réir FRS 102 'Sochair Fostaithe', agus creidmheas fritháirimh a thuairisciú sa ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile ("OCI"), ar mhaithe le léargas fírinneach cóir a thabhairt ar a ioncam cuimsitheach agus ar a shócmhainní, a dhliteanais agus a staid airgeadais.Tá tuilleadh sonraí faoi thionchar an chleachtais chuntasaíochta sin tugtha sa bheartas cuntasaíochta sochair fostaithe ar leathanach 38.

1.1 Gnás tomhais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil.

1.2 Láimhdeachas

Seasann láimhdeachas do na suimeanna a fuarthas, agus atá infhaighte, i ndáil le seirbhísí a cuireadh ar fáil do chustaiméirí, in éineacht le táillí a fuarthas i ndáil le feidhmeanna rialála reachtúla a comhlíonadh nuair a bhíothas i mbun ceanglais rialála sábháilteachta.

Ioncam ó ghníomhaíochtaí faoi bhealach agus críochfoirt
Mar atá sonraithe thuas, tá an IAA i dteideal na difríochtaí idir ioncam agus costais a bhaineann le táillí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach a aisghabháil nuair a thagann na difríochtaí sin as riosca méide tráchta agus as comhroinnt riosca costais. Déantar soláthar do na difríochtaí a thagann chun cinn i gcuntas ioncaim fhabhraithe/iarchurtha agus coigeartaítear iad i gcoinne ioncaim a thagann as gníomhaíocht faoi bhealach. Is ar bhealach den chineál céanna a thugtar cuntas ar ioncam ó tháillí loingseoireachta críochfoirt, a bhaineann le seirbhísí druidime, tuirlingthe agus éirí de thalamh. Fabhraítear suimeanna i láimhdeachas agus aithnítear iad mar nithe infhaighte nó mar nithe iníoctha sa chlár comhardaithe.

Ioncam iarchurtha
Is ar bhonn líne dírí thar thréimhse dhá mhí dhéag a aithníonn an IAA ioncam le haghaidh deimhnithe aeracmhainneachta, rud a ghearrtar gach bliain ar aerárthaí atá lonnaithe san AE, ar aon dul lena oibleagáidí faireacháin agus feidhmíochta.

1.3 Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas
Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas, lúide caillteanais dímheasa charntha agus bearnaithe charntha. Is ar bhonn líne dírí thar a saol ionchais úsáideach a ríomhtar dímheas chun an costas a bhaineann le gach sócmhainn sheasta a dhíscríobh, lena n-áirítear trealamh a ceannaíodh mar chuid de shuiteáil. Ríomhtar é de réir na rátaí bliantúla seo a leanas:

Foirgnimh	5%
Suiteálacha críochnaithe agus oibreacha eile	8⅓% – 12½%
Trealamh oifige	20% – 33⅓%

Dímheastar sócmhainní ón dáta ar a gcuirtear iad i mbun oibre. Déantar sócmhainní i mbun tógála/suiteálacha idir lámha a iompar ag a gcostas stairiúil agus ní dhímheastar iad go dtí go gcuirfear iad i mbun oibre. Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha shócmhainní seasta inláimhsithe an IAA ag gach dáta tuairiscithe chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil aon léiriú ar bhearnú ann.

1.4 Sócmhainní seasta airgeadais
Déantar infheistíochtaí i gcomhlachaithe a iompar ag a gcostas lúide aon bhearnú i luach infheistíochtaí aonair.

Aithnítear sócmhainní seasta airgeadais eile i dtús ag praghas an idirbhirt. Tomhaistear an infheistíocht ag luach cóir ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus aithnítear athruithe i luach cóir sa chuntas brabúis agus caillteanais.

1.5 Sócmhainní léasaithe
Gearrtar costas ar chíosanna léasa oibriúcháin de réir mar a fhabhraítear iad thar thréimhse na léasanna.

1.6 Airgeadraí eachtracha
Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtracha go euro, airgeadra feidhmiúil an IAA, ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmníodh in airgeadraí eachtracha ag an dáta tuairiscithe go euro ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Is sa bhrabús don bhliain a dhéileáiltear leis an mbrabús agus na caillteanais a leanann astu.

1.7 Cánachas
Déantar soláthar do cháin chorparáideach ar an mbrabús don bhliain ag na rátaí reatha. Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainithe go léir a tháinig chun cinn, agus nár aisiompaíodh iad, ag an dáta tuairiscithe. Déantar soláthar ag na rátaí a mheastar a bheidh i bhfeidhm nuair a aisiompófar na difríochtaí uainithe. Is é is difríochtaí uainithe ann ná difríochtaí idir brabús

inchánaithe an IAA agus a thorthaí, mar atá luaite sna ráitis airgeadais, a éiríonn ó ghnóthachain agus ó chaillteanais a chur ar áireamh i mbrabús inchánaithe i dtréimhsí atá éagsúil leis na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

1.8 Sochair fostaithe

Cuireann an IAA pinsin ar fáil dá fhostaithe faoi cheithre scéim aoisliúntais. Tá trí cinn de na scéimeanna sin ina scéimeanna sochair shainithe, is iad sin: "Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996" – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta roimh an 1 Aibreán 2008; "Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 2008" – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta idir an 1 Aibreán 2008 agus an 31 Nollaig 2011; "Plean Hibrideach Pinsean Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012" do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón 1 Eanáir 2012 ar aghaidh. I gcás na scéimeanna sin, is mar shócmhainn/dhliteanas ar an gclár comhardaithe a thuairiscítear an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéimeanna agus luach reatha dhliteanas na scéimeanna arna meas ag achtúire, a ríomhtar trí mhodh creidmheasa aonaid réamh-mheasta a úsáide.

Is é an tsuim a ghearrtar ar an gcuntas brabúis agus caillteanais ná iomlán na nithe seo a leanas:

a. iomlán chostas na sochar pinsin a chinntear go hachtúireach a ghealltar d'fhostaithe as seirbhís i rith na bliana móide aon fheabhsuithe sochair a bhronntar do bhaill i rith na bliana (costas seirbhíse reatha/roimhe), agus
b. iomlán na táille breise ar chostais oibriúcháin, áit a ríomhtar an difríocht idir an táille phinsin a chinntear go hachtúireach (costas seirbhíse reatha/roimhe) atá ar áireamh thuas agus na híocaíochtaí iomlána airgid thirim leis an gciste pinsin sa bhliain, agus
c. an glan-ús ar an nglandliteanas sochair shainithe a chuimsíonn an costas úis ar an oibleagáid sochair shainithe agus ioncam úis ar shócmhainní an phlean.

Is mar ghnóthachain agus chaillteanais atomhais sa ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile ("OCI") a aithnítear an difríocht idir an t-ioncam úis ar shócmhainní agus ar an toradh a baineadh amach iarbhír agus aon athruithe ar dhliteanais mar thoradh ar athruithe ar thoimhdí, nó toisc go raibh an taithí i rith na bliana éagsúil leis an taithí mheasta. Áirítear leis an OCI fritháireamh arb ionann é agus an táille phinsin bhreise, atá tuairiscithe i mír (b), a mheastar a bheith aisghafa faoi fhorálacha chomhaontú EUROCONTROL mar atá tuairiscithe ar leathanach 36.

Mar sin, imíonn an IAA ó cheanglais FRS 102 i dtreo is go gcloífidh na torthaí le ceanglais na gcomhaontuithe faoina rialaítear a chuid oibríochtaí agus, i gcomhthéacs na gcomhaontuithe sin, go dtabharfar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais. Is é tionchar an imeachta sin ná an costas pinsin a mhéadú faoi €13,398,000 (2014: €16,169,000) os cionn na gcostas seirbhíse arna gcinneadh go hachtúireach d'aisghabháil faoin meicníocht gearradh táillí sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015, agus chun creidmheas fritháirimh san OCI a thaifeadadh, rud a choinníonn cúlchistí brabúis agus caillteanas agus sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an IAA i gcomhréir le ceanglais FRS 102.

1.9 Ionstraimí bunúsacha airgeadais

Féichiúnaithe agus creidiúnaithe trádála agus féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile
Aithnítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile i dtús ag praghas an idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. Aithnítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile i dtús ag praghas an idirbhirt móide costais idirbhirt inchurtha. Tar éis aithint tosaigh, tomhaistear iad ag costas amúchta ach úsáid a bhaint as modh an úis éifeachtaigh, lúide aon chaillteanais bhearnaithe i gcás féichiúnaithe trádála.

Airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha
Is é is airgead tirim ann ná airgead tirim atá coimeádta ag an mbanc agus atá le fáil ar éileamh. Is éard atá i gcoibhéisí airgid thirim ná infheistíochtaí an-leachtach (seachas airgead tirim) is féidir a thiontú go réidh go suimeanna aitheanta airgid thirim. Is gnách a bhíonn taiscí airgid thirim a mhaireann idir lá amháin agus trí mhí i gceist iontu. Is ionann taiscí gearrthéarmacha agus taiscí airgid thirim a mhaireann idir trí mhí agus bliain amháin. Taifeadtar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha ag luach cóir i dtús agus luaitear iad ina dhiaidh sin ag costas amúchta. Déantar iad a chatagóiriú mar iasachtaí agus nithe infhaighte.

2. Láimhdeachas	2015 €'000	2014 €'000
Gníomhaíocht		
Traseitilt faoi Bhealach	**116,406**	112,079
Gníomhaíocht Críochfoirt	**21,421**	21,135
North Atlantic Communications	**19,963**	18,442
Rialáil sábháilteachta	**20,211**	19,670
Aerthrácht saor	**1,732**	1,652
Gníomhaíocht tráchtála	**3,671**	4,497
	183,404	177,475

Tagann láimhdeachas an IAA go príomha ó sheirbhísí a bhaineann le heitlíocht agus ó fheidhmeanna reachtúla a chomhlíontar i bPoblacht na hÉireann.

3. Líon agus costais foirne

Ba mar seo a leanas a bhí meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an IAA le linn na bliana, stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh, agus é anailísithe de réir catagóire:

	2015	2014
Oibríochtaí	439	432
Teicneolaíocht agus oiliúint	65	68
Rialáil sábháilteachta	92	92
Airgeadas, acmhainní daonna, gnóthaí corparáideacha agus réimsí eile	59	57
Iomlán na bhfostaithe	655	649

Ba mar seo a leanas a bhí costais phárolla chomhiomlána na ndaoine sin:	2015 €'000	2014 €'000
Pá agus tuarastail	60,004	59,131
Costais leasa shóisialaigh	4,504	4,298
Costais phinsin – costas seirbhíse reatha (nóta 20)	8,187	7,453
Costais phinsin – costas seirbhíse roimhe (nóta 20)	(681)	(2,404)
Costais phinsin – ranníocaíocht shainithe (nóta 20)	41	30
Costais phinsin – costas breise airgid thirim (nóta 20)	13,398	16,169
Costas eile iarfhostaíochta (nóta 20)	499	510
	85,952	85,187
Mar aon leis an méid thuas:		
Costais phinsin – creidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe (nóta 20)*	-	(102,000)

** Tháinig an creidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe sa bhliain roimhe as athrú ar thoimhde ráta an mhéadaithe pinsin, rud as ar cuireadh in iúl do na baill nach ndeonófaí aon mhéadú breise ar phinsin atá íoctha le héifeacht ón 1 Eanáir 2015 i leith de bharr na staide easnaimh a bhain le scéimeanna pinsean sochair shainithe, 1996 agus 2008.*

4. Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	2015 €'000	2014 €'000
Gnóthachan malairte eachtraí	950	1,183
Ús bainc	45	149
Ús eile	147	146
Ioncam úis ar shócmhainní sochair shainithe	10,214	15,781
	11,356	17,259

5. Ús iníoctha agus táillí comhchosúla	2015 €'000	2014 €'000
Táillí saoráid iasachta bainc	289	289
Costas úis ar dhliteanais sochair shainithe	13,347	20,934
	13,636	21,223

6. Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile	2015 €'000	2014 €'000
Luach saothair na stiúrthóirí		
Táillí a íocadh le stiúrthóirí		
Anne Nolan Uas. (Cathaoirleach)	22	22
An tUas. Eamonn Brennan (Príomhfheidhmeannach)	-	-
Marie Bradley Uas.	13	6
An tUas. Ernie Donnelly	-	-
An tUas. Pascal Fitzgerald	13	5
An tUas. Basil Geoghegan	13	13
An tUas. Michael Norton	13	13
An tUas. Geoffrey O'Byrne-White	9	12
An tUas. Kevin O'Driscoll	13	13
	96	84

Ar an gcomhiomlán, aisíocadh speansais €339 san iomlán le stiúrthóirí le linn na bliana 2015 (2014: €1,291).

6. Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile (ar lean)	2015 €'000	2014 €'000
Luachanna saothair agus ranníocaíochtaí pinsin a bhaineann le conradh fostaíochta an phríomhfheidhmeannaigh the chief executive's contract of employment		
- tuarastal bunúsach bliantúil	232	232
- luach saothair a bhaineann le feidhmíocht a íocadh i leith na bliana roimhe	-	-
- sochair inchánaithe eile	62	62
- ranníocaíochtaí pinsin	50	50
	344	344

Rinne an príomhfheidhmeannach 10% dá thuarastal oifigiúil a tharscaoileadh dá dheoin féin do gach bliain idir 2009 agus 2015. Tá scéim pá a bhaineann le feidhmíocht arna faomhadh ag an Roinn Airgeadais i bhfeidhm ag an IAA do gach príomhfheidhmeannach de chuid comhlachtaí tráchtála leathstáit, scéim lena ndéantar soláthar do ghné pá fhadtéarmach agus ghearrthéarmach a bhaineann le feidhmíocht bunaithe ar chuspóirí réamh-chomhaontaithe. Níor íocadh aon phá a bhain le feidhmíocht leis an bpríomhfheidhmeannach do na blianta idir 2010 agus 2015. Ní bhfuair an príomhfheidhmeannach táille stiúrthóra.

	2015 €'000	2014 €'000
Luach saothair an iniúchóra		
- iniúchadh	50	50
- dearbhú eile	15	20
- seirbhísí comhairleacha cánach		
- comhlíonadh	31	24
- seirbhísí comhairleacha	12	77
- táillí eile nach mbaineann le hiniúchadh	3	2
Iomlán luach saothair an iniúchóra	111	173
Dímheas	14,010	14,929
Táillí Met Éireann	8,115	8,098
Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin — foirgnimh	3,284	979
Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin — eile	127	106

7. Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	2015 €'000	2014 €'000
Anailís ar an muirear cánach sa tréimhse		
Cáin reatha		
Cáin chorparáide	4,569	4,389
Coigeartuithe i leith tréimhsí roimhe	(132)	-
	4,437	4,389
Cáin iarchurtha		
Bunús agus aisiompú difríochtaí uainithe	1,563	13,704
Coigeartuithe i leith tréimhsí roimhe	587	-
	2,150	13,704
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	6,587	18,093

Iomlán an réitigh chánach i gcás brabúis agus caillteanais	2015 €'000	2014 €'000
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	31,352	127,747
Cáin reatha ionchais ag 12.5% (2014: 12.5%)	3,919	15,968
Tionchar na nithe seo a leanas:		
Difríochtaí buana	264	203
Speansais nach féidir a bhaint chun críocha cánach	392	644
Difríochtaí eile	-	(212)
Ioncam nach féidir cáin a ghearradh air ag an ráta caighdeánach	274	113
Cáin chorparáide i leith blianta roimhe	(132)	-
Cáin iarchurtha i leith blianta roimhe	587	-
Ioncam ar féidir cáin a ghearradh air i dtréimhsí sa todhchaí	1,283	1,377
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	6,587	18,093

8. Sócmhainní seasta inláimhsithe	Foirgnimh €'000	Suiteálacha críochnaithe agus oibreacha eile €'000	Suiteálacha ar siúl €'000	Trealamh oifige €'000	Iomlán €'000
Costas					
I dtús na bliana	30,464	135,648	15,081	8,118	189,311
Breiseanna sa bhliain	-	261	13,483	527	14,271
Nithe a cuireadh in úsáid sa bhliain	-	9,693	(11,124)	1,431	-
Diúscairtí sa bhliain	-	(3,012)	-	(102)	(3,114)
Ag deireadh na bliana	**30,464**	**142,590**	**17,440**	**9,974**	**200,468**
Dímheas carntha					
I dtús na bliana	16,224	88,090	-	5,994	110,308
Muirear sa bhliain	1,523	11,580	-	907	14,010
Diúscairtí sa bhliain	-	(2,995)	-	(102)	(3,097)
Ag deireadh na bliana	**17,747**	**96,675**	**-**	**6,799**	**121,221**
Ag an 31 Nollaig 2015	**12,717**	**45,915**	**17,440**	**3,175**	**79,247**
Ag an 31 Nollaig 2014	14,240	47,558	15,081	2,124	79,003

9. Sócmhainní seasta airgeadais	2015 €'000	2014 €'000
Leas i gcomhlach, ag costas	**739**	739
Sócmhainní airgeadais eile, ag luach cóir	**13,834**	11,194
	14,573	11,933

Tá leas 25% ag an IAA in Entry Point North AB, Box 30, SE-230 32, Malmö-Sturup, an tSualainn, ar cuideachta í a sholáthraíonn réitigh oiliúna bainistíochta aerthrachta. Ceannaíodh an leas sin an 20 Nollaig 2013.

Tá US$18.4 milliún (€13.8 milliún) infheistithe ag an IAA i gcaipiteal cothromais Aireon LLC, ar cuideachta í atá ag forbairt córais dhomhanda spásbhunaithe um fhaireachas aerthrachta. Is ionann an infheistíocht sin agus thart ar 3.75% de chothromas Aireon LLC. Méadóidh sciar an IAA den chuideachta go 6% faoin mbliain 2017 trí shraith infheistíochtaí sceidealaithe breise atá cothrom le US$11.0 milliún.

10. Féichiúnaithe	2015 €'000	2014 €'000
Féichiúnaithe trádála, mar ghlanfhigiúr	34,857	32,094
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	2,500	4,843
Féichiúnaithe eile	160	144
Cáin bhreisluacha	1,556	633
Sócmhainn chánach iarchurtha (nóta 14)	17,094	20,985
	56,167	58,699

Tá féichiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin, ach amháin i gcás €Nialas (2014: €256,000) a bhaineann le hioncam fabhraithe atá le haisghabháil ó tháillí ar thraseitiltí faoi bhealach agus ó tháillí críochfoirt sa todhchaí; €15,504,000 (2014: €18,930,000) a bhaineann le sócmhainn chánach iarchurtha ar shochair fostaithe agus €1,590,000 (2014: €1,780,000) a bhaineann le sócmhainn chánach iarchurtha ar fhoirgnimh.

Áirítear i bhféichiúnaithe trádála suimeanna atá dlite thar téarma is fiú €26,370,000 (2014: €25,000,000) dá ndéantar soláthar do €6,374,000 (2014: €6,037,000) laistigh de sholáthairtí in aghaidh drochfhiach.

11. Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	2015 €'000	2014 €'000
Creidiúnaithe trádála	3,560	2,512
Creidiúnaithe eile, cáin agus leas sóisialach san áireamh (nóta 12)	706	2,312
Fabhruithe	10,468	17,546
Ioncam iarchurtha	9,829	8,718
	24,563	31,088

12. Cáin agus leas sóisialach curtha ar áireamh i gcreidiúnaithe eile	2015 €'000	2014 €'000
ÍMAT/ÁSPC	-	1,906
Cáin chorparáide	69	289
Cáin conarthaí ábhartha	40	110
Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla	5	7
Dliteanas cánach iarchurtha (nóta 14)	592	-
	706	2,312

13. Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	2015 €'000	2014 €'000
Ioncam iarchurtha	13,517	6,541
Dliteanas cánach iarchurtha (nóta 14)	1,590	1,780
	15,107	8,321

14. (Dliteanas cánach iarchurtha)/sócmhainn chánach iarchurtha	*Tag*	2015 €'000	2014 €'000
(Dliteanas cánach iarchurtha)/sócmhainn chánach iarchurtha - seachas é/í sin a bhí bainteach le sochair fostaithe – (reatha)	*(i)*	(592)	275
Sócmhainn chánach iarchurtha - bainteach le sochair fostaithe (neamhreatha)	*(ii)*	15,504	18,930
Sócmhainn chánach iarchurtha - foirgnimh - (neamhreatha)		1,590	1,780
DDliteanas cánach iarchurtha - foirgnimh - (neamhreatha)		(1,590)	(1,780)
Sócmhainn chánach iarchurtha, mar ghlanfhigiúr		14,912	19,205

(i) Cáin iarchurtha - seachas í sin a bhí bainteach le sochair fostaithe

I dtús na bliana	275	(148)
(Gearrtha ar an gcuntas brabúis agus caillteanais)/Curtha chun sochair an chuntais bhrabúis agus chaillteanais (nóta 7)	(867)	423
Ag deireadh na bliana	(592)	275

Is ionann an dliteanas cánach iarchurtha ag deireadh na bliana agus an dliteanas iomlán féideartha a d'eascair ó dhifríochtaí uainithe idir liúntais chaipitil agus dímheas.

(ii)) Cáin iarchurtha — a bhí bainteach le sochair fostaithe

I dtús na bliana	18,930	16,258
Athruithe i dtoimhdí achtúireacha atá aitheanta in	(2,143)	16,799
ioncam cuimsitheach eile Gearrtha ar an gcuntas	(1,283)	(14,127)
Ag deireadh na bliana	15,504	18,930

15. Scairchaipiteal glaoite — cothromas	2015 €'000	2014 €'000
A údaraíodh, a leithdháileadh, a glaodh agus a íocadh go hiomlán		
17,858,000 gnáthscair ag €1.27 an ceann	22,675	22,675

16. Díbhinní cothromais a íocadh	2015 €'000	2014 €'000
A dearbhaíodh agus a íocadh le linn na bliana:		
Díbhinn deiridh do 2015: €0.37 in aghaidh na scaire (2014: €0.27 in aghaidh na scaire)	(6,535)	(4,833)

17. Páirtithe gaolmhara

Cosúil le mórán comhlachtaí rialtais eile, déileálann an IAA le comhlachtaí eile rialtais agus le ranna eile rialtais sa ghnáthchúrsa gnó, amhail Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt, Údarás Aerfort na Sionainne teo., Bord Soláthair an Leictreachais ("BSL"), an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Met Éireann. Ina theannta sin, sa ghnáthchúrsa gnó, bíonn bearta ar bun ag an IAA le bainc Éireannacha ar leith atá faoi úinéireacht iomlán nó faoi pháirtúinéireacht Stát na hÉireann. Is de réir gnáth-théarmaí tráchtála a dhéantar gach ceann de bhearta an IAA le bainc den sórt sin.

Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an páirtí rialaithe deiridh.

Sa bhliain 2014, chuaigh an IAA isteach i socrú tráchtála chun seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthrácht a chur ar fáil do Entry Point North Ireland Ltd, ar cuideachta í atá faoi úinéireacht iomlán Entry Point North (EPN) AB, comhlachaí de chuid an IAA (nóta 9). Chomh maith leis sin, cuireann Entry Point North Ireland Ltd seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthrácht ar fáil don IAA ar neamhthuilleamaí. Le linn na bliana, thuill an IAA ioncam €2.9 milliún agus thabhaigh sé costais €6.1 milliún in idirbhearta le Entry Point North Ireland Ltd. Amhail an 31 Nollaig 2015, tá glan-iarmhéid infhaighte €3.5 milliún ann atá dlite ó Entry Point North Ireland Ltd.

B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra lucht bainistíochta (na stiúrthóirí ar áireamh) agus €2.1 milliún (2014: €2.1 milliún).

18. Ceangaltais	2015 €'000	2014 €'000
(i) Ceangaltais chaipitil		
Caiteachas caipitil amach anseo atá ceadaithe ag na stiúrthóirí:		
Caiteachas caipitil nach ndearnadh conradh ina leith	43,279	38,964
Caiteachas caipitil a ndearnadh conradh ina leith	4,901	6,406
	48,180	45,370

(ii) Ceangaltais léasa oibriúcháin

Is mar seo a leanas atá iomlán na n-íocaíochtaí íosta léasa amach anseo faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú:

	2015 Foirgnimh €'000	2015 Mótar-fheithiclí €'000	2014 Foirgnimh €'000	2014 Mótar-fheithiclí €'000
Íoctha:				
Laistigh de bhliain amháin	3,592	118	3,516	111
Idir bliain amháin agus cúig bliana	12,614	162	11,700	159
Níos mó ná cúig bliana	35,472	-	37,468	-
	51,678	280	52,684	270

19. Dliteanais theagmhasacha

Tá éileamh gan íoc amháin a bhaineann le pá comhionann, a tionscnaíodh sa bhliain 1998, ag an IAA ó cheardchumann atá ag feidhmiú ar son baill foirne cléireachais. Tá an t-éileamh sin á bhreathnú ag an gCúirt Oibreachais agus tá an IAA ina choinne go tréan. Ní féidir cinneadh réasúnta deimhneach a dhéanamh maidir le toradh an phróisis sin agus, dá réir sin, ní féidir toradh an éilimh a thuar. Ní dhéantar soláthar sna ráitis airgeadais seo i leith an éilimh sin.

20. Sochair fostaithe	2015 €'000	2014 €'000
Dliteanas pinsin sochair shainithe (féach A thíos)	124,023	151,435
Dliteanas pinsin forlíontach ex-gratia (féach B thíos)	1,522	1,043
Iomlán na n-oibleagáidí sochar scoir	125,545	152,478

Tagann teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe aníos faoi roinnt scéimeanna sochair shainithe, a ndílsítear na sócmhainní díobh in iontaobhaithe neamhspleácha.

Déanann an IAA luacháilacha achtúireacha ar na scéimeanna pinsean sochair shainithe gach trí bliana ar a laghad. Is é dáta na luacháilacha achtúirí deiridh ná an 1 Eanáir 2015 agus cuimsíonn sé sin gach sochar fabhraithe. Ba iad achtúirí cáilithe neamhspleácha a rinne na luacháilacha sin.

Bhí na luacháilacha a úsáideadh do chuspóirí FRS 102 bunaithe ar na luacháilacha cistiúcháin is déanaí do na scéimeanna, agus iad coigeartaithe ag na hachtúirí neamhspleácha chun fabhrú dliteanas a cheadú suas go dtí an 31 Nollaig 2015 agus chun coinníollacha airgeadais ag an dáta sin a chur san áireamh. Cuireadh na luacháilacha a úsáideadh do chuspóirí FRS 102 i gcrích trí mhodh an aonaid réamh-mheasta a úsáid, agus rinneadh luacháil ar shócmhainní don chuspóir sin de réir luach margaidh.

Ní ar fáil lena scrúdú poiblí atá na tuarascálacha achtúireacha, ach tá siad ar fáil do bhaill na scéimeanna.

Níl aon scéimeanna neamhchistithe ag an IAA seachas dliteanas forlíontach ex-gratia. Níl aon ranníocaíochtaí gan íoc ná réamhíoctha ann ag deireadh na bliana.

20. Sochair fostaithe (ar lean)

A. Scéimeanna Sochair Shainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann

(i) Príomhthoimhdí achtúireacha	2015 Aonad réamh-mheasta	2014 Aonad réamh-mheasta
Meántoimhdí ualaithe chun oibleagáidí sochair a chinneadh		
Ráta lascaine	2.50%	2.25%
Ráta an mhéadaithe cúitimh ghinearálta (foirne/foirne sinsearaí) †	1.50%	1.50%
Ráta an bhoilscithe praghsanna	1.50%	1.50%
Ráta an mhéadaithe pinsin †	0.00%	0.00%

† Is ionann é seo agus an toimhde fhadtéarmach is infheidhme ón mbliain 2015 ar aghaidh i leith méaduithe foirne/foirne sinsearaí. Mar thoradh ar staid easnaimh reatha na Scéimeanna, chinn an bord nach ndeonófaí aon mhéaduithe breise ar phinsin atá iníoctha faoi na Scéimeanna le héifeacht ón 1 Eanáir 2015 agus chuir sé an méid sin in iúl don fhoireann ar fad agus do gach Iontaobhaí pinsin le linn na bliana roimhe.

Tá na toimhdí a bhaineann le fad na mbundliteanas pinsin tráth dháta an chláir chomhardaithe bunaithe ar na táblaí caighdeánacha mortlaíochta achtúirí agus áirítear iontu liúntas le haghaidh feabhsuithe amach anseo ar fhad. Is ionann na toimhdí agus a bheith ag súil go mairfeadh duine atá 65 bliana d'aois roinnt blianta, mar seo a leanas:

Ionchas saoil do bhall fireann ó 65 bliana d'aois ar thábla mortlaíochta iarscoir a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh do na daoine seo a leanas:	2015	2014
Baill reatha ghníomhacha agus iarchurtha	25.1	24.4
Baill phinsinéara reatha	22.8	22.2

Ionchas saoil do bhall baineann ó 65 bliana d'aois ar thábla mortlaíochta iarscoir a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh do na daoine seo a leanas:		
Baill reatha ghníomhacha agus iarchurtha	27.2	25.4
Baill phinsinéara reatha	24.9	23.4

Roghnaítear na toimhdí arna n-úsáid ag an achtúire ó raon toimhdí achtúireacha féideartha. De bharr an scála ama a bhí i gceist, is féidir nár cruthaíodh iad i gcleachtas.

20. Sochair fostaithe (ar lean)

(ii) Suimeanna atá aitheanta sa chlár comhardaithe	2015 €'000	2014 €'000
Luach reatha na n-oibleagáidí atá cistithe go hiomlán nó i bpáirt	(594,303)	(602,917)
Luach cóir shócmhainní an phlean	470,280	451,482
Glandliteanas	(124,023)	(151,435)

(iii) Gluaiseachtaí i luach cóir shócmhainní an phlean	2015 €'000	2014 €'000
Luach cóir shócmhainní an phlean i dtús na bliana	451,482	392,311
Atomhas: toradh ar shócmhainní an phlean lúide ioncam úis	3,613	37,987
Ioncam úis	10,214	15,781
Ranníocaíochtaí fostóirí	20,904	21,218
Ranníocaíochtaí ball	3,527	3,466
Sochair a íocadh ón bplean	(19,460)	(19,281)
Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana	470,280	451,482

(iv) Gluaiseachtaí i luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe	2015 €'000	2014 €'000
Oibleagáid sochair i dtús na bliana	(602,917)	(522,372)
Costas seirbhíse reatha	(8,187)	(7,453)
Costas seirbhíse roimhe	681	2,404
Creidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe*	-	102,000
Ús ar dhliteanais an phlean	(13,347)	(20,934)
Ranníocaíochtaí ball	(3,527)	(3,466)
Atomhas: gnóthachain achtúireacha	13,534	(172,377)
Sochair a íocadh ón bplean	19,460	19,281
Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana	(594,303)	(602,917)

**Tagann an gnóthachan €102 milliún as an athrú a tharla sa bhliain roimhe i dtoimhde ráta an mhéadaithe pinsin atá luaite in (i) thuas.*

20. Sochair fostaithe (ar lean)

(v) Comhpháirteanna de chostais phinsin	2015 €'000	2014 €'000
Costas atá aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais		
Costas seirbhíse reatha (nóta 3)	(8,187)	(7,453)
Costas seirbhíse roimhe (nóta 3)	681	2,404
Creidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe (nóta 3)	-	102,000
Costas breise airgid thirim (nóta 3)	(13,398)	(16,169)
Ioncam úis ar shócmhainní sochair shainithe (nóta 4)	10,214	15,781
Costas úis ar dhliteanais sochair shainithe (nóta 5)	(13,347)	(20,934)
Costas pinsin iomlán atá aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais	(24,037)	75,629
Suimeanna atá aitheanta in ioncam cuimsitheach eile		
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha atá aitheanta láithreach	17,147	(134,390)
Costas breise airgid thirim	13,398	16,169
	30,545	(118,221)
Iomlán don bhliain	6,508	(42,592)
Suim charnach na gcaillteanas achtúireach atá aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	(282,416)	(299,563)

(vi) Sócmhainní an phlean	2015 Suim shóc-mhainní an phlean €'000	2014 Suim shócmhainní an phlean €'000
Na leithdháiltí sócmhainní amhail an 31 Nollaig:		
Urrúis chothromais	191,367	226,709
Urrúis bhannaí	188,681	202,390
Eile	90,232	22,383
	470,280	451,482

Gearrfar ioncam úis ar shócmhainní an phlean ag ráta 2.5% (2014: 2.25%).

20. Sochair fostaithe (ar lean)

	2015 €'000	2014 €'000
Toradh iarbhír ar shócmhainní		
Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean	13,827	53,768

(vii) Suimeanna eile nach mór a nochtadh

	€'000
Ranníocaíochtaí atáthar ag súil le bheith déanta ag an IAA le linn 2016	20,230

B. Dliteanas pinsin forlíontach ex-gratia

	2015 €'000	2014 €'000
I dtús na bliana	1,043	548
Suimeanna atá curtha ar fáil le haghaidh dliteanas pinsin forlíontach ex-gratia	499	510
Íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana	(20)	(15)
Suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	1,522	1,043

Lasmuigh de scéimeanna pinsean an IAA, tá foráil ann d'íocaíochtaí pinsin forlíontacha ex-gratia, suas go dtí 65 bliana d'aois, chun an bhearna a laghdú d'fhostaithe áirithe atá i dteideal dul ar scor idir 60 bliain d'aois agus 65 bliana d'aois agus nach bhfuil i dteideal an pinsean stáit a fháil go dtí go mbainfidh siad aois scoir an stáit amach.

C. Plean Pinsean Ranníocaíochta Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012

Feidhmíonn an IAA scéim pinsean ranníocaíochta sainithe dar teideal 'Plean Pinsean Ranníocaíochta Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012', rud a bunaíodh an 1 Eanáir 2012. Tá sí i bhfeidhm do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón dáta sin ar aghaidh. Is ionann an táille phinsin don tréimhse agus ranníocaíochtaí a bhí iníoctha ag an IAA leis an scéim agus b'ionann an táille sin agus €41,507 (2014: €29,941).

21. Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta

Príomhfhoinsí na neamhchinnteachta meastacháin

Éilítear ar an lucht bainistíochta agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite a n-ullmhú meastacháin a dhéanamh agus breithiúnais a thabhairt a théann i bhfeidhm ar shuimeanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndliteanas ag dáta na ráiteas airgeadais agus ar shuimeanna tuairiscithe an ioncaim agus na gcostas le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tá meastacháin agus breithiúnais bunaithe ar an taithí stairiúil agus ar thosca eile atá réasúnta faoi imthosca reatha. D'fhéadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin dá gcruthófaí na toimhdí sin a bheith mícheart nó dá dtiocfadh cúinsí aníos nach bhfuiltear ag súil leo chun críocha na meastachán sin. Is éard atá sna nithe seo a leanas ná na réimsí ríthábhachtacha nach mór don lucht bainistíochta meastacháin a dhéanamh orthu agus breithiúnais a thabhairt orthu.

Toimhdí pinsin
Meastachán suntasach i ráitis airgeadais an IAA is ea luacháil na scéimeanna pinsean sochair shainithe, go háirithe sa mhargadh neamhchinnte reatha. Tá tuilleadh sonraí le fáil i Nóta 20. Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar na toimhdí a rinne achtúirí gairmiúla neamhspleácha agus luach cóir na scéimeanna pinsean sochair shainithe á mheasúnú agus mheas siad gur toimhdí réasúnta iad na toimhdí sin.

22. Eachtraí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

An 21 Márta 2016, mhol an bord go n-íocfaí díbhinn €7.4 milliún (€0.42 in aghaidh na scaire).

23. EMíniú ar an aistriú chuig FRS 102 ón GAAP in Éirinn roimhe sin

Mar atá luaite i nóta 1, seo iad na chéad ráitis airgeadais de chuid na Cuideachta a ullmhaíodh de réir FRS 102.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach i nóta 1 i bhfeidhm chun ullmhú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 ar an bhfaisnéis chomparáideach atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais seo don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

Agus a clár comhardaithe FRS 102 á ullmhú aici, choigeartaigh an Chuideachta suimeanna a tuairiscíodh roimhe sin i ráitis airgeadais a ullmhaíodh de réir a hiarbhunúis chuntasaíochta (an GAAP in Éirinn). Tá míniú ar conas a chuaigh an t-aistriú ón GAAP in Éirinn chuig FRS 102 i bhfeidhm ar staid airgeadais agus ar fheidhmíocht airgeadais na Cuideachta leagtha amach sna táblaí seo a leanas agus thíos.

1: Pinsean
Faoin GAAP in Éirinn, bunaíodh an costas úis sochair shainithe ar an ráta lascaine le haghaidh na hoibleagáide agus bunaíodh an t-ioncam úis sochair shainithe ar an toradh ionchais ar shócmhainní an phlean, bunaithe ar ionchais fhadtéarmacha le haghaidh na sócmhainní sin. Tar éis aistriú chuig FRS 102, bunaítear an glan-ús a aithnítear sa chuntas brabúis agus caillteanais ar an ráta lascaine le haghaidh na hoibleagáide. Dá bhrí sin, tháinig athaicmiú aníos idir an t-ús a bheith á aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais agus in ioncam cuimsitheach eile. Ar leithligh, léirítear an dliteanas pinsin sochair shainithe glan ar cháin iarchurtha faoin GAAP in Éirinn, in aghaidh é a bheith léirithe comhlán ar cháin iarchurtha faoi FRS 102, rud ba chúis le hathaicmiú na sócmhainne cánach iarchurtha gaolmhaire ó dhliteanais neamhreatha go féichiúnaithe.

23. Míniú ar an aistriú chuig FRS 102 ón GAAP in Éirinn roimhe sin (ar lean)

Clár comhardaithe	GAAP in Éirinn €'000	An 1 Eanáir 2014 Tionchar an aistrithe chuig FRS 102 €'000	FRS 102 €'000	GAAP in Éirinn €'000	An 31 Nollaig 2014 Tionchar an aistrithe chuig FRS 102 €'000	FRS 102 €'000
Sócmhainní seasta						
Sócmhainní inláimhsithe	85,718	-	85,718	79,003	-	79,003
Sócmhainní airgeadais	739	-	739	11,933	-	11,933
	86,457	-	86,457	90,936	-	90,936
Sócmhainní reatha						
Féichiúnaithe	33,741	18,228	51,969	37,989	20,710	58,699
Taiscí gearrthéarmacha	-	-	-	-	7,001	7,001
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	106,157	-	106,157	126,238	(7,001)	119,237
	139,898	18,228	158,126	164,227	20,710	184,937
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	(31,269)	(148)	(31,417)	(31,088)	-	(31,088)
Glansócmhainní reatha	108,629	18,080	126,709	133,139	20,710	153,849
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha	195,086	18,080	213,166	224,075	20,710	244,785
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	-	(1,970)	(1,970)	(6,541)	(1,780)	(8,321)
Soláthairtí do dhliteanais						
Oibleagáidí sochar scoir Soláthairtí	(114,351)	(16,258)	(130,609)	(133,548)	(18,930)	(152,478)
do dhliteanais agus do tháillí	(148)	148	-	-	-	-
Glansócmhainní	80,587	-	80,587	83,986	-	83,986
Caipiteal agus cúlchistí						
Scairchaipiteal glaoite	22,675	-	22,675	22,675	-	22,675
Cuntas brabúis agus caillteanais	57,912	-	57,912	61,311	-	61,311
Cistí na scairshealbhóirí – cothromas	80,587	-	80,587	83,986	-	83,986

23. Míniú ar an aistriú chuig FRS 102 ón GAAP in Éirinn roimhe sin (ar lean)

Cuntas brabúis agus caillteanais	2014 GAAP in Éirinn a Glacadh €'000	2014 Tionchar an aistrithe chuig FRS 102 €'000	2014 FRS 102 €'000
Láimhdeachas – gníomhaíochtaí leantacha	177,475	-	177,475
Costais oibriúcháin	(147,764)	-	(147,764)
Creidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe	102,000	-	102,000
Brabús oibriúcháin – gníomhaíochtaí leantacha	131,711	-	131,711
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	1,478	15,781	17,259
Ús iníoctha agus táillí comhchosúla	(289)	(20,934)	(21,223)
Glanchostas maoiniúcháin	(3,575)	3,575	-
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	129,325	(1,578)	127,747
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	(18,290)	197	(18,093)
Brabús don bhliain airgeadais	**111,035**	**(1,381)**	**109,654**

Ioncam cuimsitheach eile	2014 GAAP in Éirinn a Glacadh €'000	2014 Tionchar an aistrithe chuig FRS 102 €'000	2014 FRS 102 €'000
Atomhas an ghlandliteanais sochair shainithe	(135,968)	1,578	(134,390)
Sócmhainn chánach iarchurtha ghaolmhar	16,996	(197)	16,799
Airgead tirim de bhreis ar chostais seirbhíse pinsin	16,169	-	16,169
Caillteanas cuimsitheach eile don bhliain	(102,803)	1,381	(101,422)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	**8,232**	**-**	**8,232**

24. Formheas na ráiteas airgeadais

D'fhormheas na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 21 Márta 2016.

ACHOIMRE CÚIG BLIANA 2011-2015











ACHOIMRE CÚIG BLIANA 2011-2015 (AR LEAN)

Gníomhaíocht Aerthrácht



Aonaid Seirbhíse Críochfoirt



Ráta Aonaid Chríochfoirt (€)



Ceadúnais Bhailí Phíolóta



Aerárthaí Cláraithe



SEIRBHÍSÍ AERLOINGSEOIREACHTA SAN ATLANTACH THUAIDH



Údarás Eitlíochta na hÉireann
The Times Building
11-12 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2

TEIL +353 1 671 8655
FACS +353 1 679 2934
www.iaa.ie